An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Commission for Aviation Regulation

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018



# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| **01** | Maidir leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta | 3 |
| | Príomhstaitisticí | 5 |
| **02** | Muirir Aerfoirt agus Rialú Sealanna | 6 |
| **03** | Ceadúnú Aeriompróirí agus Ceaduithe um Sheirbhís Láimhseála ar an Talamh | 11 |
| **04** | Ceadúnú um Thrádáil Taistil | 16 |
| **05** | Cearta Aerphaisinéirí | 20 |
| **06** | Seirbhísí Corparáideacha | 24 |
| **07** | Faisnéis Airgeadais | 28 |
| **08** | Aguisín | 48 |
| | Cairt Eagraíochta | 48 |

# Brollach

In 2018, tháinig méadú 6.5% go dtí 31.5 milliún ar líon na bpaisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Mar gheall ar an bhfás leanúnach láidir, rinneamar an tsamhail rialála níos solúbtha ionas go mbeidh Aerfort Bhaile Átha Cliath ábalta roinnt infheistíochta caipitil riachtanaí a dhéanamh chun srianta ag an aerfort a mhaolú. In mí an Mheithimh, d'fhaomhamar clár caipitil dar luach €269.3 milliún. In mí na Samhna, chuir Aerfort Bhaile Átha Cliath dréachtphlean infheistíochta caipitil dar luach €1.7 billiún isteach don tréimhse 2020-2024; maidir le comhairliúchán le haerlínte agus geallsealbhóirí eile. Déanfaimid athbhreithniú go mion ar an aighneacht deiridh agus i mí Mheán Fómhair 2019 foilseoimid cinneadh maidir leis an uasleibhéal muirear aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ó 2020 i leith.

I mí Mheán Fómhair, bhunaíomar Grúpa Comhairleach Paisinéirí chun feabhas a chur ar ár dtuiscint ar riachtanais na bpaisinéirí inár gcinntí le haghaidh an aerfoirt. Is iad na príomhthopaicí a bhreithneoidh an grúpa cáilíocht na leibhéal seirbhíse agus príomhthionscadail bhonneagair. Tá an grúpa sin comhdhéanta de thrí eagraíocht déag a dhéanann ionadaíocht do raon éagsúil paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

In 2018 fuaireamar 2,319 gearán bailí ó phaisinéirí i gcoinne aerlínte, figiúr a bhí 56% níos airde ná mar a bhí sé in 2017. Tá méadú suntasach tagtha ar an méid a fhaighimid le dhá bhliain anuas agus tá tionchar aige sin ar cé chomh gasta agus is féidir linn déileáil le gach gearán. Chuireamar plean i bhfeidhm chun déileáil leis an riaráiste gearán agus tá sé sin ag oibriú go maith. Tá sé beartaithe againn chomh maith ár bhfoireann do Chearta Aerphaisinéirí a neartú, in R1 2019, chun déileáil leis an méadú ar an méid.

D'eisíomar ceadúnais i mbliana chuig 16 aeriompróir agus 45 láimhseálaí ar an talamh agus rinneamar monatóireacht airgeadais orthu. Cé nach raibh méadú suntasach ar bith i gceist i gcomparáid le 2017, fuaireamar líon méadaitheach fiosrúchán ó pháirtithe a raibh sé beartaithe acu dul isteach i margadh na hÉireann. Lena chois sin, dhíríomar le linn na bliana ar na himpleachtaí le haghaidh aerlínte a bhfuil ceadúnú Éireannach acu má dhéantar tríú tír den Ríocht Aontaithe. Leanfar leis sin a chuimsiú inár bpleananna oibre le haghaidh 2019.

In 2018, cheadúnaíomar 231 tionscnóir turas agus gníomhaire taistil sa trádáil taistil. Cuireadh Treoir maidir le Taisteal Láneagraithe, Saoire Láneagraithe agus Turais Láneagraithe (lena leagtar amach socruithe cosanta do thomhaltóirí má thagann gnólacht taistil chun bheith dócmhainneach) i bhfeidhm i ngach Ballstát ó mí Iúil. Mar thoradh air



Cathy Mannion
Coimisinéir

sin, ní raibh gá do 30 cuideachta, bunaithe i mBallstáit eile, a gceadúnais a athnuachan in Éirinn. In 2019, coinneoimid é sin faoi athbhreithniú.


Le linn na bliana, tharla trí chliseadh i dtionscal na trádála taistil; Premier Irish Golf Tours Limited, Sindaco Limited agus Heffernan's Shipping and Tourist Agency Limited. Fuaireamar 345 éileamh i ndáil leo sin agus bhaineamar úsáid as Ciste Cosanta na dTaistealaithe chun na héilimh sin a réiteach. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chúnamh a fuaireamar ó Cello Aviation Limited chun 141 paisinéir ón mBulgáir a fhilleadh ar a dtír dhúchais agus do Aer Lingus as táillí tosaíochta a chur ar fáil dúinn le haghaidh 59 paisinéir breise.

In 2019, cuirfimid i gcrích ár n-athbhreithniú ar na socruithe cosanta maidir le dócmhainneacht na trádála taistil atá i bhfeidhm in Éirinn, tabharfaimid comhairle don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le leasuithe ar bith nach mór a dhéanamh chun comhlíonadh na Treorach maidir le Taisteal Láneagraithe, Saoire Láneagraithe agus Turais Láneagraithe a chinntiú agus athruithe ar bith is gá a dhéanamh.

Ar deireadh, le linn na bliana d'oibríomar go dlúth leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ár gcomhghleacaithe IAA chun an próiseas athchóirithe rialála a chur chun cinn a mbeidh cumasc an Choimisiúin agus Rannán Rialála Sábháilteachta an IAA mar thoradh air. Go dtí seo cuireadh obair chun cinn sna réimsí maidir le dearadh eagraíochtúil agus dréacht-reachtaíocht. Leanfaimid leis an obair athchóirithe rialála sin in 2019 chun go mbeidh rialtóir eitlíochta úr againn in 2020.

# 01

# Maidir leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta



# 1. Maidir leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta

Rialtóir eitlíochta eacnamaíoch neamhspleách na hÉireann is ea an Coimisiún agus bunaíodh é in 2001. Tá breac-chuntas déanta ar fhreagrachtaí an Choimisiúin thíos.

## Muirir Aerfoirt agus Rialú Sealanna

- Socraíonn sé caidhp praghais lena gcuirtear teorainn leis an ioncam in aghaidh an phaisinéirí is féidir le ÚABÁC a bhailiú ó mhuirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus déanann sé monatóireacht air sin.
- Cinntíonn sé go gcomhlíontar an Treoir Eorpach maidir le Muirir Aerfoirt, lena leagtar amach na híoscheanglais i ndáil le comhairliúchán agus neamh-idirdhealú.
- Faomhann sé, de réir mar is gá, na muirir a thabhaíonn aerfoirt ar aerlínte chun seirbhísí do phaisinéirí atá faoi mhíchumas luaineachta a mhaoiniú.
- Faomhann sé táillí a ghearrann na húdaráis aerfoirt ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne ar rochtain ar na suiteálacha a theastaíonn chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil.
- Ainmníonn sé stádas sceidealaithe aerfoirt na hÉireann faoin Rialachán maidir le Leithroinnt Sliotán, agus ceapann sé éascaitheoir nó comhordaitheoir sceideal nuair is gá. Dearbhaíonn sé na paraiméadair um chomhordú le haghaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath.

## Ceadúnú agus Ceaduithe

- Ceadúnaíonn sé aeriompróirí atá bunaithe in Éirinn a iompraíonn paisinéirí, post nó lasta le haghaidh luach saothair agus/ nó fruiliú.
- Ceadúnaíonn sé gníomhairí taistil agus tionscnóirí turais a bhíonn ag díol thar lear.
- Riarann sé scéim bannaithe le haghaidh gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas agus próiseálann sé éilimh má théann gníomhaire taistil nó tionscnóir turas as gnó.
- Imscrúdaíonn sé cásanna maidir le trádáil neamhdhleathach líomhnaithe agus ionchúisíonn sé más gá.
- Tugann sé ceaduithe do chuideachtaí a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí láimhseála ar an talamh ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne.

## Cearta Aerphaisinéirí

- Imscrúdaíonn sé gearáin maidir le cealuithe eitilte, moilleanna dhá uair ar a laghad agus cásanna nach gceadaítear do phaisinéirí bordáil nó íosghrádú gach eitilte atá le himeacht ó aerfoirt Éireannacha agus le haghaidh eitiltí ag teacht isteach go haerfoirt Éireannacha ó thíortha neamh-AE (má tá siad á n-oibriú ag iompróirí atá ceadúnaithe ag AE).
- Imscrúdaíonn sé gearáin a bhaineann le cúnamh a fhaigheann paisinéirí atá faoi mhíchumas luaineachta agus áirithint á déanamh acu, a bhíonn ag taisteal trí aerfort laistigh d'Éirinn nó a bhíonn ag bordáil eitilte a fhágann ó aerfort Éireannach.

# Príomhstaitisticí

Ceadúnaímid **16** Aeriompróir atá bunaithe in Éirinn

In 2018 rinneamar imscrúdú ar **14** aighneacht maidir le cearta daoine faoi mhíchumas luaineachta

In 2018 láimhseálamar **4,420** fiosrúchán ón bpobal maidir le cearta aerphaisinéirí agus fuaireamar €458,817 do phaisinéirí a ndeachaigh briseadh isteach eitilte i gcion orthu

Cheadúnaíomar agus bhannaíomar **231** gnólacht taistil

In 2018 bhunaíomar Grúpa úr Comhairle Paisinéirí le **13** eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar son éagsúlacht paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

D'fhaomhamar **45** cuideachta Seirbhíse Láimhseála ar an talamh

# 02

# Muirir Aerfoirt agus Rialú Sealanna



# 2. Muirir Aerfoirt agus Rialú Sealanna

Is é Adrian Corcoran an Stiúrthóir Eacnamaíochta. Tá sé freagrach as rialú eacnamaíoch Aerfort Bhaile Átha Cliath, as comhordú sealanna agus as an toilleadh a shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ceapadh sa ról seo é i mí na Nollag 2014 i ndiaidh dó a bheith ag obair roimhe sin mar eacnamaí sa Choimisiún. Tá PhD aige san Eacnamaíocht.



Adrian Corcoran
An Stiúrthóir Eacnamaíochta

## 2.1. Soláthar i gcoinne Plean Straitéiseach

Is é an phríomhsprioc straitéiseach don rannóg eacnamaíochta seirbhísí aerfoirt éifeachtacha, ar ardchaighdeán agus meabhrach ar shábháilteacht a éascú. Tá trí chuspóir agus roinnt beart lárnach ann maidir leis an sprioc sin a bhaint amach (féach Cairt 1).[1]

Sna hailt seo a leanas déantar achoimre ar an obair a rinneadh in 2018 agus tá sé grúpáilte de réir gach ceann de na cuspóirí sin.

## 2.2. Muirir Éifeachtacha a shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

### 2.2.1 Caidhp praghais a shocrú le haghaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath


In 2019, socróimid caidhp praghais úr a bheidh éifeacht léi ón 1 Eanáir 2020. Le hullmhú chun an chaidhp praghais úr a shocrú, thosaíomar ag obair le geallsealbhóirí in 2018. I mí Aibreáin, d'fhoilsíomar páipéar buncheisteanna inar lorgaíodh tuairimí ó na geallsealbhóirí maidir leis na beartais rialála ardleibhéil, leis an modheolaíocht agus leis na foinsí sonraí a úsáidfear chun teacht ar an gcaidhp praghais úr.[2]

Is iad seo a leanas samplaí de na topaicí a pléadh sa Pháipéar Buncheisteanna:

- An mhodheolaíocht le haghaidh réamhaisnéis paisinéirí agus an costas caipitil ceadaithe.
- An measúnú agus an ionramháil rialála maidir le costais oibriúcháin agus caiteachas caipitil.
- An dóigh ar cheart dúinn monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- An measúnú ar inmharthanacht airgeadais.

I mí Iúil, d'fhoilsíomar cúig aighneacht a fuarthas ó Aer Lingus, ó Aerfort Bhaile Átha Cliath, ó Chumann Píolótaí Aerlínte na hÉireann (IALPA), ón gComhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta (IATA) agus ó Ryanair.[3] Breathnóimid go cúramach ar na haighneachtaí sin agus ár rannpháirtíocht leanúnach le geallsealbhóirí maidir leis an Dréachtchinneadh ar an gcaidhp praghais úr, a fhoilseofar i mí Aibreáin 2019.

Cairt 1: Cuspóirí straitéiseacha 2018




1 Déantar achoimre san aguisín leis an tuarascáil seo ar an obair a rinneamar in 2018 agus an dóigh a dtagann sé sin lenár bPlean Straitéiseach 2017-2019.

2 www.aviationreg.ie/_fileupload/2019%20Determination/2018-04-30%20CP7%20Issues%20Paper.pdf

3 www.aviationreg.ie/regulation-of-airport-charges-dublin-airport/2019-determination.841.html

Ag deireadh mhí Iúil, chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt fógra chugainn faoi na ráitis um beartais ba cheart a bheith againn agus Cinneadh 2019 á dhéanamh againn, is é sin Beartas Náisiúnta Eitlíochta 2015 agus an Ráiteas Náisiúnta Beartais maidir le Muirir Aerfoirt.[4]

In 2018, chuireamar tús le hobair ar na codanna go léir a mbeidh an chaidhp praghais mar thoradh orthu. Leanfar leis an obair sin go dtí mí Mheán Fómhair 2019 nuair a fhoilseoimid ár gCinneadh deiridh maidir leis an uasleibhéal muirear aerfoirt le haghaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath.

### 2.2.2 Soláthar cost-éifeachtúil tionscadal caipitil a rialú agus monatóireacht a dhéanamh air

I mí na Nollag 2017, d'iarr Aerfort Bhaile Átha Cliath athbhreithniú eatramhach le haghaidh liúntas forlíontach caiteachais caipitil de €284 chun sraith 23 tionscadal ar a dtugtar Clár um Fheabhsú Champas an Aerfoirt (PACE) a sholáthar.[5]

I mí Feabhra 2018, d'fhoilsíomar dréachtchinneadh maidir le meastachán ar chostas éifeachtach maidir leis na tionscadail ar fad a sheachadadh agus ionramháil rialála bheartaithe na liúntas sin.[6] D'fhreagair Aer Lingus, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Emirates, Ethiopian Airlines, Etihad, Údarás Eitlíochta na hÉireann, IALPA, Ryanair agus Stobart Air ar an gcomhairliúchán.

In mí an Mheithimh chinneamar liúntas costais de €269.3 milliún, bunaithe ar aighneachtaí a fuarthas agus ár measúnú ar an gcostas éifeachtúil.[7] I ndiaidh ár gcinnidh, sa dara ráithe in 2018 chuireamar tús le tuarascálacha ráithiúla a fhoilsiú ar an dul chun cinn arna dhéanamh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le gach tionscadal caipitil faofa a sholáthar.[8] Baineann 82% de na liúntais le tionscadail aerpháirceanna: Baineann 51% díobh le tionscadail stadanna agus 31% díobh le bealaí innealta agus tionscadail aerpháirceanna eile. Is ionann liúntais le haghaidh próiseáil paisinéirí sna gcríochfoirt agus 19%. Léirítear na liúntais tionscadail atá aicmithe sna catagóirí seo a leanas i gCairt 2.

4 www.aviationreg.ie/_fileupload/2019%20Determination/2018-07-23%20FT%20to%20CM%20re%202019%20Determination.pdf


5 www.aviationreg.ie/_fileupload/PACE/20180118%20DAP%20PACE%20Submission%20to%20CAR%20corrected.pdf

6 www.aviationreg.ie/_fileupload/PACE%20Draft%20Decision/2018-02-20%20Draft%20Decision%20final%20draft.pdf

7 www.aviationreg.ie/_fileupload/PACE%20final%20decision/Final%20Decision%20Final%20Draft.pdf

8 www.aviationreg.ie/regulation-of-airport-charges-dublin-airport/compliance-papers.123.html

### Cairt 2: Caiteachas Caipitil Forlíontach atá Ceadaithe




### 2.2.3 Monatóireacht ar Chomhlíonadh Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le Cinneadh 2014

In 2018, d'fhoilsíomar torthaí ráithiúla cháilíocht na monatóireachta ar an tseirbhís i ndáil le hamanna scuaine slándála, saoráidí láimhseála bagáiste agus torthaí ó shuirbhéanna paisinéirí.[9] Déantar an chaidhp praghais bhliantúil a choigeartú gach uair nach gcomhlíonann Aerfort Bhaile Átha Cliath ceann ar bith de spriocanna na cáilíochta seirbhíse. Is é ceann de na spriocanna sin nár cheart go mbeadh an scuaine slándála níos faide ná 30 nóiméad i lá amháin. In 2018, mhair an scuaine i gCríochfort 1 níos mó ná 30 nóiméad ar cheithre dháta:

- 12 Bealtaine - 55 nóiméad,
- 27 Bealtaine - 31 nóiméad,
- 9 Meitheamh – 30 nóiméad agus 8 soicind,
- 29 Meán Fómhair – 32 nóiméad.[10 11]

Dá réir sin, rinneadh laghdú 0.2% ar an gcaidhp praghais bhliantúil le haghaidh 2018, rud a raibh ioncam ligthe thar ceal de thart ar €600,000 mar thoradh air. Chomhlíon Aerfort Bhaile Átha Cliath na spriocanna eile go léir.

## 2.3. Rannpháirtíocht geallsealbhóirí i gcinnteoireacht a mhéadú

### 2.3.1 Leibhéal méadaithe comhairliúcháin agus trédhearcachta maidir le muirir aerfoirt agus tograí bonneagair a spreagadh


I mí Dheireadh Fómhair, leagamar amach treoir maidir le comhairliúchán bliantúil 2018 ar mhuirir aerfoirt. Ar an gcéad dul síos ba cheart d'Aerfort Bhaile Átha Cliath comhairliúchán a dhéanamh maidir le struchtúr agus leibhéal na straitéise muirearaithe aerfoirt ar an iomlán agus díriú ag an am ceanna ar an údar le hathruithe beartaithe nó ar thabhairt isteach muirear úr nó scéimeanna dreasachta.

9 www.aviationreg.ie/regulation-of-airport-charges-dublin-airport/quality-of-service-.820.html

10 www.aviationreg.ie/_fileupload/QoS/2018-07%20DUB%20QoS%20Q2%202018.pdf

11 www.aviationreg.ie/_fileupload/2018/2018-07%20DUB%20QoS%20Q3%202018.pdf

### Cairt 3: Amanna scuainí slándála 2018




Nóta: Mhair an scuaine slándála i gCríochfort 2 níos mó ná 30 nóiméad an 3 Márta mar gheall ar aimsir dheannachtach. Dá bhrí sin, ní bheidh coigeartú praghais ar bith ann i ndáil leis an lá sin.

Ar an dara dul síos, ba cheart don Aerfort údar a thabhairt le hathruithe beartaithe ar bith sa straitéis muirearaithe ar bhonn critéar sa Treoir maidir le Muirir Aerfoirt. I gcomhthráth lenár bhforbairt de threoirlínte áitiúla, i mí na Nollag 2018 d'fhoilsigh Fóram Thessaloniki moltaí Eorpacha i ndáil le measúnú a dhéanamh ar neamh-idirdhealú faoin Treoir sin.

**Measúnú ar Chomhairliúchán Bliantúil 2018**

In mí na Samhna, bhreithníomar comhairliúchán bliantúil na muirear bliantúil ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Roimh an gcomhairliúchán, fuair Aerfort Bhaile Átha Cliath ceithre fhreagairt ó aerlínte, arbh ionann é sin agus 74% den trácht paisinéirí. Ag deireadh an chruinnithe comhairliúcháin, phléigh Aerfort Bhaile Átha Cliath an roghchlár muirear, lena n-áirítear scéimeanna dreasachta agus thug sé údar ina leith. Chuir an tAerfort nuashonrú ar fáil chomh maith maidir le soláthar tionscadal infheistíochta caipitil. Thaispeáin an tAerfort réamhaisnéis ioncaim 2019 d'aerlínte.

Faoi mar atá sonraithe thuas, ó 2020 i leith beidh caidhp praghais úr i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Beidh an comhairliúchán bliantúil a bheidh ar siúl in 2019 i ndáil le muirir aerfoirt 2020, ina dheis d'Aerfort Bhaile Átha Cliath le hathbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an straitéis muirearaithe.

**Comhairliúcháin CIP2020+**

In mí na Samhna, chuir Aerfort Bhaile Átha Cliath Dréachtphlean Infheistíochta Caipitil isteach don tréimhse 2020-2024 isteach.[12] Cuimsítear sna tionscadail atá beartaithe sa chomhairliúchán CIP sin:

- 73 croí-thionscadal agus 15 thionscadal tráchtála giniúna ioncaim ar chostas measta €580 milliún.
- 20 tionscadal toillte ar chostas measta €876 milliún maidir le tionscadail a bhaineann le críochfoirt agus €210 milliún maidir le tionscadail a bhaineann le haerpháirceanna.

Ón 3 go 6 Nollaig, chuaigh Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcomhairle le húsáideoirí maidir leis na tionscadail thuas, agus maidir le tionscadail bhreise roghnacha dar luach measta €1 bhilliún. Rinneamar cathaoirleacht ar na cruinnithe ar na ceithre lá sin. Táimid ag súil go ndéanfaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath aighneacht rialála deiridh linn chun tuairimí agus riachtanais paisinéirí agus úsáideoirí aerlínte a chur san áireamh.

### 2.3.2 Scrúdú a dhéanamh ar an dóigh le páirt a thabhairt don phaisinéir sa phróiseas rialála ar bhealach níos fearr

I mí Mheán Fómhair, chinneamar Grúpa Comhairleach Paisinéirí úr a bhunú lena dtugtar ionchur díreach d'ionadaithe paisinéirí i bpróiseas Cinnidh 2019.[13] Tá an grúpa comhdhéanta de thrí eagraíocht déag a dhéanann ionadaíocht do raon éagsúil paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath:

- Déanann Cumann Tomhaltóir na hÉireann, an Lárionad Eorpach ar son Thomhaltóirí agus Fáilte Éireann ionadaíocht ar son Paisinéirí fóillíochta Náisiúnta agus Idirnáisiúnta, lena n-áirítear teaghlaigh.
- Déanann Comhairle Náisiúnta na nÓg ionadaíocht ar son paisinéirí óga agus déanann Aoisghníomhaíocht Éireann ionadaíocht ar son daoine scothaosta.
- Déanann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, an Grúpa Geallsealbhóirí Míchumais, Cumann Uathachais na hÉireann, Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill agus Alzheimer na hEorpa ionadaíocht ar son daoine faoi mhíchumas luaineachta nó faoi mhíchumais.
- Déanann Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), Chambers Ireland agus gníomhaireacht cur chun cinn infheistíochtaí isteach na hÉireann (ÚFT) ionadaíocht ar son paisinéirí gnó Náisiúnta agus Idirnáisiúnta.

Is é sainchúram an ghrúpa feabhas a chur ar ár dtuiscint ar riachtanais na bpaisinéirí inár gcinntí le haghaidh an aerfoirt. Is iad na príomhthopaicí a bhreithneoidh an grúpa cáilíocht na leibhéal seirbhíse agus príomhthionscadail bhonneagair.

12 www.aviationreg.ie/_fileupload/2019%20Determination/Dublin%20Airport%20Consultation%20-%20CIP%202020%20.pdf

13 www.aviationreg.ie/_fileupload/2018/2018-09-27%20CP12-2018%20Decision%20Passenger%20Engagement.pdf

Ag an gcéad chruinniú i mí na Samhna, phléigh an grúpa bearta atá ann cheana agus bearta úra a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir le cáilíocht na seirbhíse ar cheart dúinn monatóireacht a dhéanamh uirthi.

## 2.4 Iomaíocht a chur chun cinn agus iontráil úr a éascú

### 2.4.1 Paraiméadair um Chomhordú Sealanna a Dhearbhú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun úsáid as bonneagar a bharrfheabhsú, rud a éascóidh iontrálaithe úra aerlíne.

I mí an Mhárta, d'fhoilsíomar measúnú ar thoilleadh iomlán Aerfort Bhaile Átha Cliath.[14] Beidh an measúnú sin ina chuidiú dúinn maidir le paraiméadair um Chomhordú Sealanna a dhearbhú i gcomhair séasúr amach anseo.

I mí na Bealtaine agus i mí Mheán Fómhair, dhearbhaíomar na paraiméadair um chomhordú i gcomhair séasúir sceidealaithe Gheimhreadh 2018 agus Shamhradh 2019. [15] [16] Baineann na dearbhuithe sin le rannpháirtíocht shuntasach idir geallsealbhóirí. Cheadaíomar roinnt méaduithe spriocdhírithe incriminteacha i líon na n-aerárthaí ar féidir leo oibriú ag Baile Átha Cliath; is é ár gcur chuige, a bhfuil bonn eolais curtha faoi le samhlú ionsamhlúcháin, cothromaíocht chuí a fháil idir iontrálaithe úra a éascú agus a chinntiú gur féidir an sceideal eitiltí a sholáthar ón taobh oibriúcháin.

I mí Mheán Fómhair, d'fhaomhamar agus d'fhoilsíomar Treoirlíne Áitiúil, faoi mar a fhoráiltear sa Rialachán maidir le Leithroinnt Sliotán, i ndáil le hAerfort Bhaile Átha Cliath. Leis an treoirlíne sin ceadaítear seal os cionn na ngnáthpharaiméadar (barrachas amháin in aghaidh na huaire) a leithdháileadh i leith oibríochtaí atá criticiúil ó thaobh ama de, mar shampla eitiltí teicniúla nó eitiltí chun paisinéirí a théann imeacht gan choinne i bhfeidhm orthu a thabhairt ar ais. Tá an riail sin i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2018.

## 2.5 Rialachán lena Léirítear an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta

### 2.5.1 Páirt ghníomhach a ghlacadh i bFóram Thessaloniki na Rialtóirí Eorpacha ar Mhuirir Aerfoirt agus an measúnú ar an Treoir maidir le Muirir Aerfoirt

In mí na Nollag, d'fhoilsigh Fóram Thessaloniki na Rialtóirí Eorpacha ar Mhuirir Aerfoirt dhá thuarascáil treorach a scríobh grúpa oibre den Fhóram, ar a ndearnamar cathaoirleacht. Sa chéad tuarascáil pléitear úsáid critéar roghnach i gcomhthéacs rialú eacnamaíoch aerfort. Pléitear sa tuarascáil úsáid critéar sna cásanna seo a leanas:

- Chun idirdhealú a dhéanamh idir aerfoirt ar dócha go mbeidh cumhacht shuntasach mhargaidh ag baint leo uaidh sin ar dócha nach mbeidh, chun bonn eolais a chur faoi chinntí ar cibé acu an ndéanfar measúnú maidir le cumhacht mhargaidh nó nach ndéanfar.
- Chun cinneadh a dhéanamh maidir le foirm iomchuí rialaithe eacnamaíoch, nó mar mhalairt air sin, nach dteastaíonn rialú breise thar an rialachán de chineál iompraíoch arna leagan amach sa Treoir maidir le Muirir Aerfoirt.[17]

Sa dara tuarascáil moltar an dóigh le measúnú a dhéanamh ar neamh-idirdhealú i muirir aerfoirt faoin Treoir. Leagtar amach sa tuarascáil sampla de phróiseas éifeachtúil maidir le himscrúdú a dhéanamh ar ghearán a bhaineann le hidirdhealú.[18]

In 2019, oibreoidh an Fóram ar leigheasanna rialála agus ar mhuirir aerfoirt tagarmharcála.

## 2.6. Ag Breathnú ar Aghaidh

Tasc suntasach is ea é caidhp praghais a shocrú, lena mbeidh iarmhairtí don aerfort, do phaisinéirí, d'aerlínte agus d'fhorbairt eacnamaíoch náisiúnta. D'fhéadfadh cinntí maidir le gcaidhp praghais tionchar a imirt ar mhealltacht an aerfoirt d'aerlínte agus cumas an aerfoirt nascacht a sholáthar.

In 2019, socróimid caidhp praghais úr d'Aerfort Bhaile Átha Cliath a thosóidh in 2020 agus a mhairfidh níos mó ná 4 bliana. Breithneoimid ar ioncam de thart ar €2 bhilliún sa chéad tréimhse rialála eile agus plean infheistíochta €1.8 billiún a fhéadfaidh freastal ar phaisinéirí le fiche nó tríocha bliain amach romhainn.

Leanfar le comhairliúchán fairsing in 2019. I mí Feabhra agus i mí an Mhárta, buailfimid leis an nGrúpa Comhairleach Paisinéirí chun tograí Aerfort Bhaile Átha Cliath a phlé agus a mheas maidir le tionscadail bonneagair chaipitil agus na bearta agus spriocanna amach anseo maidir le cáilíocht an chórais seirbhíse.

Tá sé mar aidhm againn dréachtchinneadh a fhoilsiú i mí Aibreáin 2019. Beidh an deis ag geallsealbhóirí aighneacht a dhéanamh linn. I mí an Mheithimh agus i mí na Bealtaine, buailfimid leis an nGrúpa Comhairleach Paisinéirí chun tograí inár nDréachtchinneadh a phlé agus a mheas maidir leis na tionscadail bonneagair chaipitil atá ceadaithe agus na bearta agus spriocanna amach anseo maidir le cáilíocht an chórais seirbhíse.

Tá sé beartaithe againn an Cinneadh deiridh a fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 2019. Breithneofar sa Chinneadh sin ar an aiseolas a fhaighimid ó gheallsealbhóirí agus ón nGrúpa Comhairleach Paisinéirí.

Chomh maith le Cinneadh 2019, déanfaimid cinneadh chomh maith faoi na Paraiméadair um Chomhordú i gcomhair shéasúir Gheimhreadh 2019 agus Shamhradh 2020 agus leanfaimid ag cur leis hobair Fóram Thessaloniki.

14 www.aviationreg.ie/_fileupload/Helios%20capacity%20assessment%20workstream%202/P2410D008_Final_Report_v1_5_1%20(clean).pdf

15 www.aviationreg.ie/_fileupload/W18%20Slot%20Parameters/Final%20Decision%20W18%20Mastercopy.pdf

16 www.aviationreg.ie/_fileupload/S19%20Final%20Parameters/Final%20Decision_S19%20Parameters.pdf

17 http://www.aviationreg.ie/_fileupload/2018/Criteria.pdf

18 http://www.aviationreg.ie/_fileupload/2018/Incentives%20and%20Discounts.pdf

# 03

# Ceadúnú Aeriompróirí agus Ceaduithe um Sheirbhís Láimhseála ar an Talamh



# 3. Ceadúnú Aeriompróirí agus Ceaduithe um Sheirbhís Láimhseála ar an Talamh

Is é David Hodnett Ard-Abhcóide agus Leas-Choimisinéir an Choimisiúin. Aturnae atá ann agus thosaigh sé ag obair sa Choimisiún in 2003. Tá sé freagrach as Gnóthaí Dlíthiúla, Ceadúnú Aeriompróirí, Ceadú Seirbhíse Láimhseála ar an Talamh agus Cearta Aerphaisinéirí.



David Hodnett
Leas-Choimisinéir

## 3.1 Réamhrá

Is é an Coimisiún a dhéanann córais ceadúnaithe agus ceaduithe le haghaidh aeriompróirí agus láimhseálaithe ar an talamh a riar in Éirinn. Déantar achoimre sa tábla thíos ar ghníomhaíocht cheadúnaithe agus ceaduithe le linn 2018. Le linn na bliana, rinneadh monatóireacht ar shealbhóirí ceadúnais agus ceada maidir le comhlíonadh na gcóras reachtach lena rialaítear na hearnálacha sin.

**Tábla 1: Líon na gCeadúnas agus na gCeaduithe, 2018**

| | Aeriom-próirí | Láimhseálaithe ar an talamh | |
|---|---|---|---|
| | | Féin-láim-hseálaithe | Sealbhóirí ceadúnais Tríú |
| Páirtithe, an 1 Eanáir 2018 | 15 | 10 | 37 |
| Ceadúnais/ceaduithe úra | 1 | 0 | 1 |
| Ceadúnais a tarraingíodh siad/a géilleadh | 0 | 1 | 2 |
| Sealbhóirí ceadúnais, an 31 Nollaig 2018 | 16 | 9 | 36 |

## 3.2 Ceadúnú Aeriompróirí

Ag deireadh 2018, cheadúnaigh an Coimisiún 16 aeriompróir atá bunaithe in Éirinn chun dul i mbun oibríochtaí aeriompair tráchtála. Le linn na bliana, fuair an Coimisiún dhá iarratas ar cheadúnas oibriúcháin (an dá cheann faoi Chatagóir A[19]). Eisíodh ceadúnas oibriúcháin úr i gcás iarratas amháin (chuig Hibernian Airlines Limited i mí na Nollag 2018) agus bhí an dara hiarratas (a cuireadh isteach i mí na Nollag 2018) fós ar siúl ag deireadh 2018. Tá liosta iomlán de shealbhóirí ceadúnais oibriúcháin cothrom le dáta le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Bhí gach sealbhóir ceadúnais faoi réir monatóireacht rialta chun comhlíonadh maidir leis an reachtaíocht ábhartha um cheadúnú i ndáil le folláine airgeadais, clúdach árachais agus úinéireacht agus rialú a chinntiú. Leanamar le dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar chás airgeadais na n-aeriompróirí, go háirithe iad siúd a bhfuil a staid airgeadais níos laige, trí shonraí airgeadais a chur isteach ar bhonn níos rialta agus trí chruinnithe rialta.

Thugamar cuairteanna maidir le comhlíonadh ar dhá aeriompróir ceadúnaithe le linn 2018 chomh maith.

Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar cheadúnais dhá bhliain i ndiaidh iad a dheonú den chéad uair. In 2018, rinneadh athbhreithniú dá leithéid. Ní dhearnadh athrú ar bith ar an gceadúnas ábhartha.

Chun bealach atá in-sainaitheanta go héasca maidir lena dhearbhú má tá oibreoir ceadúnaithe, eisíodh diosca ceadúnais chuig oibreoirí aerárthaí beag agus héileacaptar lena dtaispeáint ina n-aerárthach cláraithe mar atá liostaithe ar a nDeimhniú Aeroibreoirí arna eisiúint ag Údarás Eitlíochta na hÉireann.

19 Tá cead ag Sealbhóirí Ceadúnas Chatagóir A paisinéirí, lasta agus/nó post a iompar ar aerárthach ina bhfuil 20 suíochán nó níos mó agus/nó lena mbaineann 10 dtona MTOM (uasmhais éirí de thalamh).

## Diosca Ceadúnais Aeriompróirí




Fuaireamar iarratas amháin le linn 2018 ó shealbhóir ceadúnais reatha ar cheadú maidir le léasú árthaigh fheistithe aerárthaigh atá cláraithe lasmuigh den Aontas Eorpach. Deonaíodh an ceadú maidir leis an iarratas sin.

Fuaireamar cúig aighneacht chomh maith le linn 2018 ó aeriompróirí Éireannacha a rinneadh faoi Airteagal 8 (5) den Rialachán maidir le Ceadúnú lena gceanglaítear go gcuirfear fógra chuig an gCoimisiún roimh athruithe suntasacha ar bith i scála a ngníomhaíochtaí,[20] roimh chumaisc/éadálacha beartaithe ar bith nó i gcás go bhfuil athrú ar an úinéireacht. Chomh maith leis an aeriompróir na hathruithe beachta a leagan amach go mion, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh go gcuirfí isteach plean gnó leasaithe má mheastar go mbeidh tionchar suntasach ag an hathruithe a cuireadh in iúl ar airgead aeriompróra. I gcás go mbaineann na hathruithe le hoibriú aerárthaigh úir, ceanglaítear ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar shonraí árachais lena chinntiú go gcomhlíonann siad ceanglais agus sonraí ábhartha an mhodha éadála (e.g. ceannach/léasú) agus na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis an gconradh.

I dTábla 2 thíos taispeántar achoimre ar líon na n-aighneachtaí a breithníodh faoin Airteagal in 2018 de réir an chineáil fógra:

### Tábla 2: Aighneachtaí Airteagal 8 (5) 2018

| Cineál Fógra Airteagal 8 (5) | Líon na n-aighneachtaí 2018 |
|---|---|
| Roimh athruithe suntasacha ar bith ar scála na ngníomhaíochtaí (athruithe ar chineál nó líon na n-aerárthaí a úsáidtear san áireamh) | 3 |
| Roimh chumaisc nó éadálacha beartaithe ar bith | 0 |
| Athrú ar úinéireacht agus rialú | 2 |

20 D'fhéadfadh oibriú seirbhíse aeir úir chuig mór-roinn nó réigiún den domhan nach rabhthas ag freastal air roimhe sin, athruithe ar líon na n-aerárthaí a oibrítear nó ar a gcineál nó athruithe ar bith eile ar scála a ghníomhaíochtaí a bheith i gceist leis na hathruithe ábhartha.

I gcomhréir lenár gcuspóirí straitéiseacha arna leagan amach inár bPlean Straitéiseach le haghaidh 2017-2019, leanamar le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár gcórais agus ar ár bpróisis inmheánacha chun ár gcuspóir a bhaint amach maidir le córas ceadúnaithe éifeachtach a fheidhmiú agus lena chinntiú go bhfuilimid éifeachtach. Mar chuid de na pointí gníomhaíochta a sainaithníodh le haghaidh 2018 don athbhreithniú seo, thugamar cothrom le dáta ár gcomhaid i ndáil le comhlíonadh leanúnach aeriompróirí Éireannacha maidir leis na ceanglais dea-chlú faoi Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008.

Leis an gcleachtadh sin ceanglaítear ar gach aeriompróir ceadúnaithe Éireannach fianaise a chur ar fáil go bhfuil dea-chlú ag na daoine a bhainistíonn oibríochtaí na cuideachta go leanúnach agus go héifeachtúil. Lena chois sin, cheapamar féilire um chomhlíonadh lena heisiúint ar shealbhóirí ceadúnais i dtús 2019 ina n-aibhsítear na príomhdhátaí um chomhlíonadh a thiocfaidh chun cinn le linn na bliana. Beidh achoimre ag gabháil leis an bhféilire um chomhlíonadh ar na ceanglais go léir maidir le monatóireacht agus comhlíonadh a thiocfaidh chun cinn chomh maith le liosta de na himeachtaí lena dteastaíonn ceadú roimhe ré ón gCoimisiún nó a dteastaíonn fógra a chur chuig an gCoimisiún ina leith.

I mí na Samhna 2018, d'eisíomar páipéar chuig aeriompróirí Éireannacha maidir leis an gcaighdeán cuntasaíochta úr um léasú, IFRS 16, agus cad atá i gceist leis don tionscal eitlíochta agus i gcomhthéacs ról an Choimisiúin maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach na gceanglas folláine airgeadais faoi Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008. Maidir leis na chéad chéimeanna eile, d'iarr an Coimisiún go ndéanfaí measúnú ar gach aeriompróir Éireannach i ndáil leis an tionchar ionchasach ar staid airgeadais agus ar fheidhmíocht na haerlíne mar thoradh ar chur chun feidhme IFRS 16 faoin 30 Meitheamh 2019.

Ghlacamar an deis chomh maith mar chuid den iarratas sin lenár dtaifid a thabhairt cothrom le dáta maidir leis an modh éadála do gach aerárthach arna oibriú ag aeriompróirí Éireannacha a bhaineann leis an gcríocheanglais ar sheilbh aerárthaigh i ndáil leis an deonú agus coimeád atá i bhfeidhm maidir le ceadúnas oibriúcháin. Sainaithníodh an cleachtadh sin chomh maith mar phointe gníomhaíochta le haghaidh 2018 mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar ár gcórais agus ar ár bpróisis.

Ghlac an Coimisiún páirt i gceardlann arna hóstáil ag Údarás Eitlíochta Sibhialta na Ríochta Aontaithe i mí an Mheithimh 2018 le haghaidh rialtóirí ceadúnaithe eitlíochta. Is é an phríomhaidhm leis an gceardlann bhliantúil sin cothrom na Féinne a chur chun cinn maidir le hiarratas ar cheadúnais oibriúcháin laistigh

den Aontas Eorpach agus cuidiú le muinín a thabhairt don tionscal go bhfuil ceanglais dá leithéid á gcur i bhfeidhm go cóir agus go comhsheasmhach. Deis atá ann fosta chun eispéiris a chomhroinnt agus chun an dea-chleachtas a fhorbairt agus feabhas a chur ar chomhchaidreamh oibre.

D'fhreastail an Coimisiún Eorpach agus ionadaithe ó roinnt Ballstát eile ar an gceardlann. I measc na bpríomhthopaicí a pléadh bhí dócmhainneacht aerlínte a bhainistiú, sealanna aerfoirt, ceadúnú drón, réiteach malartach díospóidí i gcomhthéacs ceart tomhaltóirí agus sholáthair an Coimisiún Eorpach nuashonrú ar rialáil AE.

In mí na Samhna 2016, faoi mar a fhoráiltear i bPlean Gníomhaíochta na Straitéise Eitlíochta, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Treochlár maidir le measúnú ar Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 chomh maith maidir leis na rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aerseirbhísí sa Chomhphobal. Le linn 2018, ghlacamar páirt i suirbhé d'údaráis náisiúnta arna dhéanamh ag na comhairleacha, Ricardo, a cheap an Coimisiún Eorpach mar chuid den mheasúnú sin.


Le linn 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach tuilleadh fógraí inar leag sé amach an dóigh, dar leis, a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag imeacht na Ríochta Aontaithe ó bhallraíocht san Aontas Eorpach ar an earnáil eitlíochta. Scaipeadh na fógraí sin ar shealbhóirí ceadúnais le haghaidh faisnéise agus breithnithe de réir mar ba chuí. Toisc gur é ceann de na coinníollacha maidir le bheith incháilithe i gcomhair ceadúnas oibriúcháin agus ceadúnas oibriúcháin a choimeád go bhfuil aeriompróir faoi úinéireacht den chuid is mó agus go bhfuil sé á rialú go héifeachtúil ag Ballstáit AE agus/nó náisiúnaigh Bhallstáit AE, lean an Coimisiún le hidirghníomhaíocht a dhéanamh le gach aeriompróir i ndáil lena gcomhlíonadh leanúnach sa réimse seo. Go sonrach, bhí an Coimisiún i dteagmháil le líon beag aeriompróirí Éireannacha a bhféadfadh athchatagóiriú náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe mar thríú tír i gcomhthéacs "Brexit gan Mhargadh" dul i gcion orthu i ndáil lena bpleananna le haghaidh comhlíonadh leanúnach maidir le ceanglais úinéireachta agus rialaithe.

## 3.3 Ceaduithe Seirbhísí Láimhseála ar an Talamh

Ag deireadh 2018, bhí 9 bhféinláimhseálaí ann (i.e. i gcás go roghnaíonn aerlíne seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar dó féin) agus 36 soláthraí ceadaithe seirbhísí láimhseála ar an talamh nó láimhseálaithe tríú páirtí (i.e. cuideachta a bhíonn i mbun seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar, bíodh sí ina haerlíne nó ina cuideachta thiomanta seirbhíse láimhseála ar an talamh. As na féinláimhseálaithe ceadaithe, ceadaíodh 3 díobh chomh maith chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar do thríú páirtithe.

Coinnítear liosta iomlán de shealbhóirí ceadaithe cothrom le dáta ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Léirítear i gCairt 4 anailís ar na líonta féinláimhseálaithe agus soláthraithe seirbhísí láimhseála ar an talamh de réir an aerfoirt.

### Cairt 4: Láimhseálaithe ceadúnaithe de réir cineáil agus Aerfoirt 2018




Le linn 2018, fuair an Coimisiún cúig iarratas ar cheadú mar sholáthraí seirbhísí láimhseála ar an talamh. Eisíodh ceadú úr seirbhíse láimhseála ar an talamh do Menzies Aviation (Ireland) Limited le haghaidh soláthar seirbhísí láimhseála ar an talamh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Bhí na ceithre iarratas eile ar siúl ag deireadh na bliana ag céimeanna éagsúla sa phróiseas iarratais. Lena chois sin, dúnadh iarratas a fuarthas in 2017 le linn na bliana ar cheadú seirbhíse láimhseála tríú páirtí mar gheall ar easpa rannpháirtíochta ar thaobh na cuideachta is iarratasóir ar aon dul lenár dtreoir maidir le hiarratas a dhéanamh ar cheadú seirbhíse láimhseála ar an talamh.

Géilleadh an ceadú seirbhíse láimhseála ar an talamh tríú páirtí a bhí ag Flightcare Multiservices Ireland Limited go deonach le linn na bliana toisc go ndearnadh gníomhaíochtaí na cuideachta a chomhtháthú ina comhchuideachta, Swissport Ireland Limited. Lena chois sin, aistarraingíodh an ceadú seirbhíse láimhseála ar an talamh a bhí ag an gcuideachta, Metis Technical Limited, mar nár chomhlíon sí ceanglais riachtanacha na reachtaíochta sa réimse seo agus téarmaí agus coinníollacha Dheonú an Cheadaithe arna eisiúint ag an gCoimisiún.

Le linn na bliana, rinneadh iarratais a scrúdú agus a cheadú ó OCS One Complete Solution Limited agus Stobart Air UC chun gníomhaíochtaí breise a chur lena gCeaduithe reatha. Fuaireamar an tríú hiarratas chomh maith ó shealbhóir ceadúnais tríú páirtí a bhí bunaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun dul i mbun gníomhaíochtaí breise láimhseála ar an talamh. Bhí an t-iarratas seo fós faoi athbhreithniú ag deireadh 2018 agus bhíothas ag fanacht le tuilleadh doiciméad ón gcuideachta is iarratasóir.

Eisítear ceaduithe ar feadh tréimhse cúig bliana. Rinneamar cúig cheadú a athnuachan in 2018 i ndiaidh chur i gcrích rathúil an phróisis athnuachana.

Is é ceann dár spriocanna straitéiseacha díriú ar Láimhseálaithe ar an Talamh sábháilte agus slán ó thaobh airgeadais de a sholáthar in Éirinn. Chun é sin a bhaint amach, is é ár gcuspóir díriú ar chóras éifeachtach um cheadúnú a fheidhmiú. Le linn 2018, leanamar ag obair le haerfoirt chun creat a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar láimhseálaithe ar an talamh a oibríonn ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, na Sionainne agus Chorcaí maidir le comhlíonadh agus a gcomhlíonadh a fhorfheidhmiú. Tá sé beartaithe go mbeidh tuilleadh rannpháirtíochta ar siúl le láimhseálaithe ar an talamh i dtús 2019 chun próiseas foirmiúil a ghlacadh.

Chomh maith leis sin, ar aon dul lena gcuspóirí straitéiseacha, thugamar cuairteanna um chomhlíonadh ar aon déag cuideachtaí seirbhíse láimhseála ar an talamh a oibríonn ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus na Sionainne. Thugamar cuairt chomh maith ar na húdaráis ábhartha aerfoirt chun saincheisteanna ar bith a tháinig chun cinn i gcomhthéacs ár róil seirbhíse láimhseála ar an talamh a phlé.

Cheapamar féilire um chomhlíonadh lena heisiúint ar shealbhóirí Ceada i dtús 2019 ina n-aibhsítear na príomhdhátaí um chomhlíonadh a thiocfaidh chun cinn le linn na bliana. Beidh achoimre ag gabháil leis an bhféilire um chomhlíonadh ar na ceanglais go léir maidir le monatóireacht agus comhlíonadh a thiocfaidh chun cinn chomh maith le liosta de na himeachtaí lena dteastaíonn ceadú roimhe ré ón gCoimisiún nó a dteastaíonn fógra a chur chuig an gCoimisiún ina leith.

I Mheán Fómhair 2018, tháinig an Rialachán úra le haghaidh EASA agus an chórais Eorpaigh eitlíochta (Rialachán (AE) 2018/1139) i bhfeidhm. Cuimsítear sa Rialachán úr ceanglais maidir le soláthar sábháilte seirbhísí láimhseála ar an talamh. Tá tús curtha ag EASA ar obair ar Threochlár a mbeidh rialacha cur chun feidhme mar thoradh air de réir a chéile agus beidh ar láimhseálaithe ar an talamh cloí leo. Táthar ag súil go n-ainmneofar Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) mar an údarás inniúil don Rialachán Bunúsach úr. Leanfaidh an Coimisiún le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn air sin agus oibreoidh sé leis an IAA toisc go mbeidh sé riachtanach an dóigh a dtiocfaidh na rialacha cur chun feidhme a luaithe is a fhoilseofar iad leis an gcóras reatha seirbhíse láimhseála ar an talamh atá i bhfeidhm in Éirinn agus an próiseas Ceaduithe atá á riar ag an gCoimisiún.

## 3.4 Ag Breathnú ar Aghaidh

Leanfaimid leis an gcóras ceadúnaithe agus ceaduithe le haghaidh aeriompróirí agus láimhseálaithe ar an talamh a riar. Déanfaimid dlúthmhonatóireacht chomh maith ar na himpleachtaí a bheidh ann d'aeriompróirí agus do láimhseálaithe ar an talún Éireannacha mar thoradh ar rún na Ríochta Aontaithe tarraingt as AE de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.



# 04

# Ceadúnú um Thrádáil Taistil



# 4. Ceadúnú um Thrádáil Taistil

Tá Josephine O'Reilly ina ball de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte in Éirinn. Chuaigh sí leis an gCoimisiún i mí Aibreáin 2001 agus is í an Stiúrthóir ar Airgeadas agus Trádáil Taistil. Cuireann sí tacaíocht ar fáil chomh maith do réimsí ceadúnaithe agus láimhseála ar an talún na n-aerlínte i ndáil le feidhmíocht airgeadais a n-eintiteas ceadúnaithe.



Josephine O'Reilly
An Stiúrthóir ar Airgeadas agus Trádáil Taistil.

## 4.1 Cad é a dhéanaimid

Tá cúig phríomhról ag an gCoimisiún faoin gceannteideal um cheadú trádála taistil:

1) Ceadúnaíonn sé gníomhairí taistil agus tionscnóirí turais a bhíonn ag ceannach agus ag díol thar lear.
2) Riarann sé scéim bannaithe le haghaidh gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas.
3) Riarann sé an Coiste Cosanta Taistealaithe (a forbraíodh le tobhach ar phaisinéirí tionscnóirí turas idir 1983 agus 1987).
4) Próiseálann sé éileamh le haghaidh aisíocaíochtaí agus aistiriú i gcás go rachadh gníomhaire taistil nó tionscnóir turas ceadúnaithe as gnó.
5) Imscrúdaíonn sé cásanna maidir le trádáil neamhdhleathach líomhnaithe agus, más gá, ionchúisíonn sé trádálaithe neamhdhleathacha.


Ag deireadh 2018, bhí 231 gnólacht taistil ceadúnaithe ag an gCoimisiún chun oibriú mar ghníomhaire taistil nó mar thionscnóir turas in Éirinn. Le linn na bliana d'fhág 40 gnólacht ár gcóras ceadúnaithe. D'eisíomar ceadúnais chuig 10 n-iarratasóir úra. Fuaireamar os cionn 150 fiosrúchán úr ar cheadúnas.

### Tábla 3: Líon na gCeadúnas 2018

| | Gníomhairí Taistil | Tionscnóirí Turas |
|---|---|---|
| Sealbhóirí Ceadúnais, an 1 Eanáir 2018 | 222 | 39 |
| Ceadúnais Úra | 8 | 2 |
| Ceadúnais nár athnuadh | 34 | 7 |
| Sealbhóirí ceadúnais, an 31 Nollaig 2018 | 196 | 35 |

As an 40 sealbhóir Ceadúnais a d'fhág an córas, bhí 30 ceann díobh siúd as Ballstáit eile de chuid AE (an Ríocht Aontaithe go príomha) nár athnuaigh a gceadúnas mar ón 1 Iúil 2018, ar thabhairt isteach Threoir (AE) 2015/2302 maidir le Taisteal Láneagraithe agus Socruithe Taistil Bainteacha, déantar na heintitis sin a rialáil sna tíortha inar bunaíodh iad anois.

### Cairt 5: Gníomhairí Taistil & Tionscnóirí Turas, 2018




## 4.2 Treoir (AE) 2015/2302 maidir le Saoirí Láneagraithe agus Socruithe Taistil Bainteacha

Ceanglaíodh ar na Ballstáit Treoir (AE) 2015/2302 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil bainteacha a chur chun feidhme faoin 1 Iúil 2018. Tá an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag obair ar Ionstraim Reachtúil chun éifeacht a thabhairt don Treoir. Idir an dá linn, chuireamar socruithe idirthréimhseacha i bhfeidhm.

Eisíonn an Coimisiún formhór na gceadúnas chuig gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna gach bliain. I mí na Bealtaine, d'eisíomar ceadúnais chuig 113 eintiteas ar feadh 12 mhí. Chiallaigh sé sin go mbeadh siad ceadúnaithe le haghaidh díolachán amach as Éirinn go dtí go n-éagfadh a gceadúnas. Tugadh an rogha d'eintitis atá bunaithe in áiteanna eile in AE deireadh luath a chur lena gceadúnais. Níor roghnaigh eintitis ar bith é sin

a dhéanamh. Ón 1 Iúil, sholáthair eintitis ar bith a bhí bunaithe in Éirinn ag a raibh díolacháin as Ballstáit ar bith eile de chuid AE seachas Éire fianaise ar shlándáil don Choimisiún as na díolacháin sin. Maidir le heintitis ar bith a bhí bunaithe in áit ar bith eile in AE, cheangail an Coimisiún orthu fianaise dhóthanach ar shlándáil ar chur ar fáil maidir le gach pacáiste a bhí á dtairiscint lena ndíol/nó a díoladh in Éirinn. Maidir le heintitis a bhí bunaithe lasmuigh de AE, chinneamar go gcaithfimis leo mar a rinneamar san am a chuaigh thart agus iad a cheadúnú le haghaidh díolachán amach as Éirinn.

I mí na Samhna, d'eisíomar ceadúnais chuig 112 eintiteas ar feadh 12 mhí. Níor cheadúnaíomar eintitis ar bith a bhí bunaithe áit ar bith eile in AE. Sholáthair eintitis ar bith a bhí bunaithe in Éirinn ag a raibh díolacháin a thosaigh amach as Ballstáit ar bith eile de chuid AE seachas Éire fianaise ar shlándáil don Choimisiún as na díolacháin sin. Maidir le heintitis ar bith a bhí bunaithe in áit ar bith eile in AE, cheangail an Coimisiún orthu fianaise dhóthanach ar shlándáil ar chur ar fáil maidir le gach pacáiste a bhí á dtairiscint lena ndíol/nó a díoladh in Éirinn. Maidir le heintitis a bhí bunaithe lasmuigh de AE, chinneamar go gcaithfimis leo mar a rinneamar san am a chuaigh thart agus iad a cheadúnú le haghaidh díolachán amach as Éirinn.

D'fhreastalaíomar ar Cheardlann maidir leis an Treoir maidir le Taisteal Láneagraithe, Saoire Láneagraithe agus Turais Láneagraithe ag an gCoimisiún Eorpach le linn na bliana. Comhaontaíodh lárphointí teagmhála do gach Ballstát agus seoladh ardán cumarsáide comhroinnte ar líne chun cumarsáid phras a dhéanamh idir gach pointe teagmhála. Comhaontaíodh oibleagáidí gach lárphointe teagmhála chomh maith agus tionóladh cainteanna mionsonraithe maidir leis an Treoir.

## 4.3 Príomhthascairí Feidhmíochta

In 2017, fuaireamar i gcomhairle maidir le príomhtháscairí feidhmíochta is ceart a chur i bhfeidhm ar ár bhfoireann trádála taistil. D'fhoilsíomar páipéar cinntí i mí Eanáir 2018 agus tá na táscairí i bhfeidhm ó 2018 i leith.

### Tábla 4: 2018 Tascairí Feidhmíochta

| PTF | Toradh |
|---|---|
| D'fhreagraíodh ar iarratasóirí laistigh de sheachtain amháin ón teagmháil tosaigh | 94% |
| Eisíodh litir um Chinneadh i bPrionsabal laistigh de mhí amháin ó spriocdháta an iarratais chríochnaithe | 95% |
| Eisíodh ceadúnais laistigh de dhá sheachtain ón mBanna/gach doiciméad a fháil | 94% |
| Scrúdaíodh cuntais bhliantúla laistigh de shé seachtaine óna bhfáil | 73% |
| Céatadán áitribh na gceadúnaithe ar tugadh cuairt orthu in aghaidh na bliana (Lena n-áirítear cruinnithe ag CAR) | 20% |

Téitear i gcion ar ár bhfeidhmíocht maidir leis na cuntais bhliantúla a scrúdú laistigh de shé seachtaine óna bhfáil le linn ár mbabhtaí nuair a dhírímid ar fhreagairt a thabhairt ar iarratasóirí agus na ceadúnais a eisiúint; tá sé mar aidhm againn feabhas a chur air sin an bhliain seo chugainn. Mhéadaíomar ár rannpháirtíocht leis an tionscal i mbliana (bhaineamar ár sprioc PTF 20% amach). Bhí 44 cruinniú againn in 2018 i gcomparáid le 24 ceann in 2017 agus tá sé mar aidhm againn an líon sin a shárú in 2019.

## 4.4 Ceadúnú agus Monatóireacht Airgeadais

Déantar measúnú ar gach eintiteas ar a bhfolláine airgeadais mar chuid den phróiseas um cheadúnú agus más gá déantar monatóireacht leanúnach orthu. Déantar monatóireacht leanúnach ar na leibhéil bhannaithe chomh maith. Ar a laghad, faighimid ráitis airgeadais bhliantúla ó eintitis ach i mórán cásanna, faighimid cuntais bhainistíochta ar bhonn ráithiúil, míosúil nó ad hoc. In 2018, leanamar le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár gcreat um cheadúnú agus monatóireacht chun an próiseas a shimpliú nuair is féidir.

## 4.5 Monatóireacht ar Chomhlíonadh

In 2018, rinneamar imscrúdú ar ocht ngearán maidir le trádáil a d'fhéadfadh a bheith neamhcheadaithe le linn na bliana. Thugamar roinnt cuairteanna ar chuideachtaí chomh maith a raibh amhras ann fúthu go raibh siad ag trádáil gan cheadúnú.

## 4.6 Cosaint Tomhaltóirí

### Tábla 5: Láimhdeachas Incheadúnaithe agus Bannú

| Eintitis Cheadúnaithe | 2018 (€m) | | 2017 (€m) | |
|---|---|---|---|---|
| | Banna | PLTO[21] | Banna | PLTO |
| Gníomhaire Taistil (4%) | 43 | 1083 | 47 | 1164 |
| Tionscnóir Turas (10%) | 19 | 180 | 19 | 195 |
| Iomláin | 62 | 1263 | 66 | 1359 |

Faoi reachtaíocht reatha, ceanglaítear ar ghníomhairí taistil agus ar thionscnóirí turas socruithe a chur i

21 Fuarthas lear mór teachtaireachtaí i ndáil lena lán de na gearáin sin.

bhfeidhm chun cosaint a chur ar fáil don phobal taistil i gcás go dteipfeadh orthu.

Ní mór d'eintitis atá bunaithe in Éirinn banna a chur ar fáil. Ríomhtar an banna sin mar chéatadán de láimhdeachas incheadúnaithe tuartha an ghnólachta. Tá na bannaí socruithe faoi láthair ag 4% do ghníomhairí taistil agus 10% do thionscnóirí turas.

Mar shocrú idirthréimhseach, tá clúdach iomlán árachais slánaíochta á glacadh againn ó eintitis atá bunaithe in Éirinn ó na díolacháin ar fad a thosaíonn sa Ríocht Aontaithe nach bhfuil clúdaithe faoin mbanna thuas.

Mura gclúdaíonn an banna costas na n-éileamh ar fad, clúdaítear an t-easnamh as an gCiste Cosanta Taistealaithe. Ní bhaineann sé sin ach le heintitis atá ceadúnaithe ag an gCoimisiún. Faoi mar a sonraíodh i dtuarascáil na bliana anuraidh, tá an ciste ídithe le roinnt blianta anuas.

In 2017, rinne an Coimisiún obair chun athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe bannaithe a bhí i bhfeidhm agus ar fheidhmiú an Chiste Cosanta Taistealaithe lena chinntiú go leanann siad fós le cuspóirí na scéime a chomhlíonadh go héifeachtach agus an leibhéal iomchuí cosanta a chur ar fáil don phobal taistil. Rinneamar céim 1 den athbhreithniú sin in 2017.

Ag an am sin, ba é an dearcadh a bhí againn go bhféadfadh sé nach raibh an leibhéal reatha cosanta tomhaltóirí dóthanach agus go raibh athruithe ar an scéim ag teastáil. Tá súil againn an obair sin a chur i gcrích in 2019 i ndiaidh Ionstraim Reachtúil a fhoilsiú chun an Treoir a thrasuí i reachtaíocht na hÉireann.

Maidir le hEagraithe Taistil Nasctha, ghlacamar clúdach iomlán árachais slánaíochta ó aerlínte atá bunaithe in Éirinn atá bainteach sa ghníomhaíocht sin.

## 4.7 Cliseadh Cuideachta

Le linn 2018 tharla trí chliseadh:

- Premier Irish Golf Tours Ltd an 11 Iúil 2018. Fuaireamar 35 éileamh.
- Sindaco Ltd ag trádáil mar Fanfare, Irish Film Tours & Buzz Travel an 20 Iúil 2018. Fuair an Coimisiún 179 éileamh. Rinneamar 141 paisinéir ón mBulgáir a aistíriú trí dhá chairteitilt abhaile a eagrú le Cello Aviation Limited. Ar leith air sin, d'eagraíomar táillí tosaíochtaí le Aer Lingus le haghaidh aistiriú 59 paisinéir eile.
- Heffernan's Shipping & Tourist Agency an 3 Deireadh Fómhair 2018. Fuaireamar 131 Éileamh agus bhí ann banna neamhleor.

## 4.8 Comhdhálacha

D'fhreastalaíomar ar an gComhdháil Dhomhanda 'Worldchoice' an 3 Samhain 2018 agus sholáthraíomar nuashonrú maidir lenár mbabhtaí ceadúnaithe agus trasuíomh na Treorach.

## 4.9 EGFATT

Tá an Coimisiún ina chomhalta de Cumann Eorpach le haghaidh Cistí Ráthaíochta don Taisteal agus don Turasóireacht. Is é seo eagraíocht Eorpach a bunaíodh in 2011 chun an pobal taistil a chosaint ar dhócmhainneacht airgeadais na dtionscnóirí turas agus na ngníomhairí taistil agus chun eolas agus dea-chleachtas a chomhroinnt. D'fhreastalaíomar ar chruinniú amháin san Iorua in 2018 agus tá sé beartaithe againn cruinniú a thionól i mBaile Átha Cliath in 2019.

## 4.10 Ag Breathnú ar Aghaidh

Is cosúil go mbeidh 2019 ina bliain dhúshlánach agus ghnóthach don fhoireann. Faoi mar a léiríodh thuas, tá cúpla sruth oibre ar siúl againn i ndáil leis an Treoir maidir le Taisteal Láneagraithe, Saoire Láneagraithe agus Turais Láneagraithe agus an scéim um chosaint tomhaltóirí. Beidh monatóireacht á déanamh againn ar an tionscal i ndáil le tionchar Brexit.

Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhá bhabhta ceadúnaithe agus leanfaidh sé le monatóireacht a dhéanamh ar eintitis ar bhonn leanúnach. Leanfaimid ag obair le geallsealbhóirí chun imscrúdú a dhéanamh ar chásanna de thrádáil neamhdhleathach líomhnaithe agus beimid ag breathnú arís ar thionscnaimh úra.



# 05

# Cearta Aerphaisinéirí



# 5. Cearta Aerphaisinéirí

In 2018, fuair an Coimisiún teagmhálacha i scríbhinn ón bpobal maidir le 4,420 gearán agus fiosrúchán éagsúil, méadú 66% ó 2017. Rinneadh teagmháil linn 2,713 uair chomh maith ar an nguthán agus b'ionann sin agus méadú 47% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

B'iarratais a bhí ina lán dóibh sin ar fhaisnéis maidir le cearta paisinéirí go ginearálta, an nós imeachta gearán agus cúrsaí lasmuigh dár sainordú; e.g. gearáin faoi bhagáiste, ceisteanna sábháilteachta agus fiosrúcháin faoi phraghsanna. Nuair b'fhéidir atreoraíomar daoine chuig an údarás inniúil cuí chun déileáil lena ngearán.

Ar an iomlán, bhain os cionn 67% de na fiosrúcháin le cúrsaí lasmuigh de shainordú an Choimisiúin.

Fuaireamar 2,389 gearán ar líne ar an iomlán. Astu sin, bhain 70 ceann díobh le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine faoi mhíchumas luaineachta agus iad ag taisteal d'aer. Bhí thart ar 19 ngearán díobh sin laistigh dár sainordú chun dul i ngleic leo.

Bhain an 2,319 gearán eile le sáruithe féideartha ar Rialachán 261/2004. Ba é sin méadú 56% i gcomparáid le figiúirí 2017.

## 5.1 Cealuithe, Moilleanna, Diúltú do Bhordáil agus Íosghrádú

As an 2,319 gearán, bhain 101 ceann díobh le heitiltí a bhí ag fágáil ó aerfoirt ag mBallstáit eile nó eitiltí a bhí ag teacht isteach sna haerfoirt sin ó thriú (i.e. neamh-AE) tíortha arna n-oibriú ag iompróirí a bhí ceadúnaithe ag an gComhphobal. D'oibríomar le paisinéirí lena chinntiú gur cuireadh an fhaisnéis ar fad a raibh gá leis chun imscrúdú a dhéanamh ar fáil sula cuireadh na gearáin sin ar aghaidh chuig na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin cuí nó chuidíomar leis an paisinéirí é sin a dhéanamh go díreach.

Tá an 2,218 eile, dá bhrí sin, faoi réir imscrúdú iomlán ag an gCoimisiún. B'ionann an líon sin in 2017 agus 981. Is ionann é sin agus méadú ar na gearáin bhailí ar theastaigh imscrúdú iomlán a dhéanamh orthu de 126% i gcomparáid le 2017. I bhfocail eile, tháinig méadú níos mó ná dhá uair ar líon na ngearán bailí a cuireadh isteach lena n-imscrúdú in 2018.

As na gearáin sin, cuireadh 1,657 ceann díobh i gcrích agus tá 561 ceann díobh faoi imscrúdú fós nó ar feitheamh cinnidh. Tá miondealú ar na torthaí maidir leis an 1,657 cás a cuireadh i gcrích léirithe i dTábla 6 [22].

In 726 cás, fuarthas go raibh an gearán neamh-inbhuanaithe faoin Rialachán, gur aistarraing an paisinéir é nó gur bhain sé le sárú nach raibh cúiteamh ar bith ar fáil don phaisinéir ina leith.

In 358 cás, fuarthas go raibh cúinsí neamhghnácha i bhfeidhm, agus measadh go ndearnadh an aerlíne bearta réasúnta chun cur isteach ar an eitilt a sheachaint a mhéid gur measadh nach raibh cúiteamh ar bith iníoctha leis na paisinéirí lenar bhain.

In 488 cás, íocadh cúiteamh leis an bpaisinéir, agus in 113 cás eile fuair an custaiméir aisíocaíocht iomlán ar chostas a dticéid nó a gcostas.


Fuair an Coimisiún €458,817 do phaisinéirí ar tharla cur isteach eitilte orthu in 2018: €390,650 i gcúiteamh agus €68,167 in aisíocaíochtaí agus aisíoc.

### Tábla 6: Gearáin Aerphaisinéirí de réir an Chineáil

| Cineál Gearáin | Líon na nGearán | % |
|---|---|---|
| Cealú | 728 | 44% |
| Moill fhada | 861 | 52% |
| Diúltú do bhordáil | 64 | 4% |
| Íosghrádú | 4 | 0% |
| Uasghrádú | 0 | 0% |
| **Iomlán** | **1657** | **100%** |

22 D'fhéadfadh níos mó ná toradh amháin a bheith ar ghearán i.e. b'fhéidir go bhfuair an paisinéir aisíocaíocht dá chostais/costais ach b'fhéidir gur léirigh an t-aeriompróir go raibh cúinsí neamhghnácha ann chomh maith.


Cairt 6: Torthaí ar Ghearáin Aerphaisinéirí in 2018 amhail 18/01/2019




## 5.2 Gearán de réir an Aeriompróra

Faoi mar a luadh roimhe seo, cuireadh 2,319 gearán ó phaisinéirí a bhain le sáruithe féideartha ar Rialachán 261/2004 isteach chuig an gCoimisiún le linn 2018. Áiríodh leis sin 101 ceann a atreoraíodh chuig Comhlachtaí Náisiúnta Forfheidhmiúcháin eile lena n-imscrúdú tuilleadh. Ar Chairt 7 thíos taispeántar iomlán na ngearán le haghaidh Aer Lingus, Ryanair agus catagóir 'Eile'. Léiríonn an chatagóir 'Eile' suim na ngearán ar fad i ndáil le haerlínte eile a fuair an Coimisiún. Taifeadadh gearáin i ndáil le 52 aeriompróir eile le linn 2018.

Cairt 7: Gearáin 2018 le haghaidh Aer Lingus, Ryanair agus aeriompróirí eile




## 5.3 Daoine faoi Mhíchumas Luaineachta

In 2018 fuaireamar 70 aighneacht maidir le cearta daoine faoi mhíchumas luaineachta. Astu sin, bhain 51 (73%) ceann díobh le ceisteanna nárbh ionann iad agus sáruithe féideartha ar Rialachán 1107. Gearáin bhailí a bhí sna 19 gcinn eile, níos mó ná dhá uair an líon in 2017, ar theastaigh imscrúdú a dhéanamh orthu. Ardaíodh ceisteanna éagsúla agus ina measc bhí:

- An cúnamh a fuarthas ag aerfort imeachta/ teachta, go sonrach soláthar cúnaimh chuig pointe ainmnithe nó uaidh laistigh de theorainneacha an aerfoirt.
- An cúnamh a fuarthas ag teacht amach as aerárthach.
- Iompar suas le dhá phíosa trealaimh luaineachta in aghaidh an duine faoi mhíchumas luaineachta, chomh maith le trealamh leighis agus lena n-áirítear cathaoireacha rotha leictreacha ag aeriompróirí.

Cuireadh aon ghearán déag i gcrích gan sáruithe ar bith ar Rialachán 1107/2006 a sonraíodh maidir leis. Tá ocht n-imscrúdú eile ar siúl fós agus níl sé soiléir fós cibé acu ar tharla sárú nó nár tharla.

## 5.4 Obair Eile

Rinneamar roinnt cigireachtaí aerfoirt le linn 2018 chomh maith. Ba é ba chuspóir leis na cigireachtaí sin:

- Monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar cúnaimh do dhaoine faoi mhíchumas luaineachta ó chomhlachtaí bainistíochta aerfoirt i gcomhréir le Rialachán 1107/2006
- A chinntiú go dtaispeánann aeriompróirí an téacs arna leagan amach i Rialachán 261/2004 ag a ndeasca agus a mbothanna seiceáil isteach agus, chomh maith leis sin, faisnéis cheart ar chur ar fáil do phaisinéirí a tharla moilleanna fada eitilte, cealuithe agus cásanna diúltaithe bordála dóibh.

Bhí próisis tairisceana maidir le soláthar cúnaimh do phaisinéirí faoi mhíchumas luaineachta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort na Sionainne ar siúl le linn na bliana. D'fhreastalaíomar ar na cruinnithe sin i ról breathnóra mar chuid dár bhfreagrachtaí faoi Rialachán 1107/2006.

I bhFómhar 2018 chuireamar ár n-ainm le comhaontú Láimhseála Gearán le Aer Lingus.

In 2018 bhíomar beo le roinnt athruithe ar ár gcóras gearán ar líne lenar cuireadh feabhas ar bhailíochtú gearán. Cé go bhfuil líon na ngearán fós ag méadú bliain ar bhliain cuireann sé sin ar ár gcumas a chinntiú ar bhealach níos fearr go bhfuil na gearáin ar fad a chuirtear isteach chugainn ábhartha.

In 2017, fuair an Coimisiún 502 gearán trína chóras ar líne i ndáil le heitiltí a bhí ag imeacht ó áiteanna lasmuigh d'Éirinn agus mar sin lasmuigh dár ndlínse. Cuireadh iad sin ar aghaidh chuig Comhlachtaí Náisiúnta Forfheidhmiúcháin eile lena n-imscrúdú tuilleadh. I ndiaidh hathruithe a dhéanamh ar ionchuir faisnéise paisinéirí le haghaidh chóras na ngearán ar líne, laghdaíodh an líon go 101. Mar sin féin, faoi mar a sonraíodh thuas, chuireamar 900 fiosrúchán ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí AE in 2018; ríomhphoist ba iad 799 de na fiosrúcháin sin a fuair an Coimisiún ó phaisinéirí ag gearán faoi eitiltí a bhí ag imeacht ó aerfoirt in áiteanna lasmuigh d'Éirinn.

Le cúpla bliain anuas tá mórathruithe tagtha ar líon na ngearán agus na bhfiosrúchán a fuair an oifig. Tharla moill i próiseáil na ngearán de dheasca sin. Thosaigh an cheist sin ag teacht chun cinn in 2017. Chuireamar tús le 2018 le thart ar 524 cás nár scrúdaíodh fós. Faoi mhí Lúnasa 2018 bhí an líon sin méadaithe go 1,303.

I mí Dheireadh Fómhair chuireamar foireann bhreise i bhfeidhm, ar bhonn gearrthéarmach, chun tosú leis an riaráiste sin a ghlanadh agus táimid ag súil go mbeidh an obair críochnaithe i R1 2019. Faoi láthair tá 1,071 de na cásanna sin dúnta. Lena chois sin, i dtús 2019, tá sé beartaithe againn ár bhfoireann um Chearta Aerphaisinéirí a neartú chun an líon méadaithe éileamh a bhainistiú.

Ar an leibhéal náisiúnta ghlacamar páirt ghníomhach i gcruinnithe débhliantúla an Choiste Éascaíochta agus leanamar chomh maith dár rannpháirtíocht sa Choiste Comhairleach Inrochtaineachta a bhfuil sé d'aidhm leis feabhas a chur ar inrochtaineacht ar fud na hearnála iompair ar fad in Éirinn.

## 5.5 Ag Breathnú ar Aghaidh

Faoi mar a fheictear ó na codanna roimhe seo chonamar méadú an-mhór ar líon na ngearán a fhaighimid. In 2019, leanfaimid le monatóireacht rialta a dhéanamh ar na leibhéil ghearán a phróiseáiltear lena chinntiú nach dtarlóidh riaráiste.

Lena chois sin, déanfaimid monatóireacht ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Brexit ar líon na ngearán agus na bhfiosrúchán a gheobhaidh an Coimisiún. Má fhágann an Ríocht Aontaithe AE, beidh ar an oifig seo gach gearán a bhaineann le heitiltí a bheidh ag teacht isteach go hÉirinn as an Ríocht Aontaithe ar iompróirí AE-chláraithe a imscrúdú.



# 06

# Seirbhísí Corparáideacha



# 6. Seirbhísí Corparáideacha

Is Comhalta é Brian Higgins den Institiúid Chairte um Phearsanra agus Forbairt agus thosaigh sé ag obair sa Choimisiún i mí Iúil 2016 mar an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha i ndiaidh gairm AD agus Oibriúcháin sa déantúsaíocht, airgeadas agus eitlíocht. Tá sé freagrach as acmhainní daonna, riarachán ginearálta, rialachas corparáideach, sláinte agus sábháilteacht, saoráidí, bainistíocht TF agus caidreamh poiblí.



Brian Higgins
An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

## 6.1 Acmhainní Daonna

Bhí 17 mball foirne coibhéise lánaimseartha ar an meán fostaithe ag an gCoimisiún in 2018 (féach aguisín.) Íoctar baill foirne ag rátaí i gcomparáid dhíreach le poist na Seirbhíse Poiblí agus tá na rátaí ar fad ceadaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá agus beidh solúbthacht i struchtúr ár n-eagraíochta agus inár róil phoist ina cuid lárnach dár soláthar seirbhíse. Le gníomhaíochtaí mar thaca lenár gcuspóir straitéiseach maidir le creat rialála a bhaint amach a léiríonn an dea-chleachtas idirnáisiúnta rinneamar pleananna oideachais, forbartha, agus oiliúna bunaithe ar anailís ar riachtanais scileanna agus inniúlachta an Choimisiúin a ailíniú agus a chur chun feidhme.

Agus ár bPlean Straitéiseach i bhfeidhm, chuireamar Plean Lucht Oibre isteach chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le haghaidh acmhainní breise chun ár gcumas an plean sin a sholáthar a chinntiú. Faomhadh an chéad chéim agus tá an dara céim ar bun. Tá na róil sin riachtanach chun soláthar ár gcuspóirí a chinntiú do na geallsealbhóir agus don pobal taistil araon.

## 6.2 Scéimeanna Aoisliúntais

Oibríonn an Coimisiún dhá scéim pinsean. Bunaíodh scéim le sochar sainithe faoin Acht um Rialáil Eitlíochta 2001. Tá an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair i bhfeidhm maidir le gach fostaí úr ón 1 Eanáir 2013 (mura bhfuil sé ceadaithe seachas sin dul isteach i scéim le sochar sainithe an Choimisiúin). Riartar an dá scéim pinsean i gcomhréir le ceanglais reachtacha.

## 6.3 Sláinte agus Sábháilteacht

Ag féachaint le cur chuige réamhghníomhach maidir le sláinte agus sábháilteacht a bhaint amach, spreagaimid na baill foirne go léir le páirt a ghlacadh i gcleachtais shábháilte ag an obair a chur chun cinn agus tá cláir oiliúna déanta acu maidir le gach gné de láimhsiú láimhe, sábháilteacht dóiteáin agus garchabhair (lena n-áirítear úsáid AED) agus leanfaidh siad leis sin a dhéanamh amach sa todhchaí. Feidhmímid clár scagtha sláinte agus cuirimid

vacsaíniú fliú ar fáil chomh maith ar bhonn bliantúil. Déantar maoirseacht ar an tSláinte agus ar an tSábháilteacht ó laistigh d'fheidhm na Seirbhísí Corparáideacha ag a bhfuil freagrachtaí atá tiomnaithe ar an leibhéal bainistíochta agus oifigigh amháin, chun comhlíonadh i gcomhréir lenár ráiteas sábháilteachta agus ceanglais reachtacha a chinntiú.

## 6.4 Seachfhoinsiú agus Soláthar

Faoi mar a bhí i mblianta roimhe seo, leanamar le feidhmeanna riaracháin neamhlárnacha a bhaineann le hiniúchóireacht inmheánach, athshlánú tubaistí, caidreamh na meán, TF agus párolla a sheachfhoinsiú. Leanamar leis sin a dhéanamh ar an gcoinníoll go mbeidh sé cost-éifeachtúil agus éifeachtach i gcónaí. Chomh maith leis sin, féachaimid leis an dea-chleachtas luacha i ngach gné dár soláthar ag baint leas as seirbhís OGP, ríomhthairiscint agus praghsáil iomaíoch de réir mar is cuí.

Le linn na bliana, chuir na Coimisiún athruithe chun feidhme ar an gcóras gutháin agus thionscain sé uasghrádú de réir a chéile ar a chumas TF a raibh rochtain fheabhsaithe agus uasghrádú bogearraí chun úsáid éifeachtach acmhainní agus soláthar seirbhíse éifeachtach le tacú lenár gcuspóirí Straitéiseacha mar thoradh air.

## 6.5 Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tá an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta liostaithe mar chomhlacht poiblí sa Chéad Sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. I mí Lúnasa 2016, d'fhaomh an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta Scéim Teanga 3 bliana an Choimisiúin. Beidh an plean sin curtha i gcrích an 31 Lúnasa 2019 agus cuirfidh an Coimisiún

plean úr le chéile chun tuilleadh feabhais a chur ar ár gcumas ár seirbhísí a stiúradh trí Ghaeilge.

## 6.6 Saoráidí

Leanamar lenár mbeartas a chur chun feidhme maidir le hidiú fuinnimh a laghdú trí na soilse agus trealamh a chasadh as nuair nach bhfuil siad á n-úsáid. Tá ár n-ídiú fuinnimh faoi thuarascáil ÚIFÉ ar an mbealach ceart dár sprioc 2020 le stádas glas agus coigiltis ón mbonnlíne 26.7%. Maidir leis sin, leanann an Coimisiún le soláthraithe 3ú páirtí a fháil a léiríonn cumais maidir le hathchúrsáil, táirgí nach bhfuil díobhálach don chomhshaol agus fuinneamh a shábháil nuair is féidir. Leanfaimid de bheith nuálach i réimsí spárála fuinnimh agus bainistíochta dramhaíola in 2019.

## 6.7 Cosaint Sonraí Ginearálta

In 2018 cheapamar agus chláraíomar ár nOifigeach Cosanta Sonraí le hoifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar aon dul lenár bhfreagrachtaí faoi na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018. Éascaíonn ár nOifigeach Cosanta Sonraí comhlíonadh an RGCS agus déanann sé monatóireacht ar an gcomhlíonadh maidir leis, ag cinntiú go seastar le cearta ábhair sonraí an Choimisiúin.

## 6.8 Rialachas Corparáideach

Tá an Coimisiún fós tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a choimeád. Cloíonn sé leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 a chur chun feidhme, más infheidhme

### Tábla 7: Achoimre ar an Rialachas Corparáideach

| | |
|---|---|
| **Cód Iompair an Choimisiúin** | Tá Cód Iompair ann d'Fhostaithe an Choimisiúin. |
| **Breithmheas Infheistíochta** | Níor thabhaigh an Coimisiún caiteachas caipitil ar bith in 2018 a tháinig laistigh de raon feidhme na ngníomhaíochtaí a beartaíodh i dTreoirlínte 2005 na Roinne maidir le Breithmheas agus Bainistíocht na dTograí Caiteachais Caipitil san Earnáil Phoiblí. |
| **Luach saothair an Lucht Bainistíochta Sinsearaí agus Táillí na Stiúrthóirí** | Leag rannóg AD na Rannóige seo an fhaisnéis sa réimse seo amach. Níl íocaíocht tháillí na stiúrthóirí i bhfeidhm. |
| **Socruithe Tuairiscithe** | Ullmhaíonn an Coimisiún tuarascálacha don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt de réir mar is gá. Tá córas cuntasaíochta lánfhorbartha ag an gCoimisiún, a sholáthraíonn tuarascálacha mionsonraithe míosúla bainistíochta agus airgeadais don lucht bainistíochta sinsearaí. Glacaimid Caighdeáin Idirnáisiúnta tuairiscithe dár gcuntasaíocht ar fad. Ríomhaimid ár gcuntais ar chóras cuntasaíochta fabhraithe, ach amháin nuair a shonraítear a mhalairt sna nótaí leis na ráitis airgeadais. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na ráitis sin a iniúchadh. Rinne an Coimisiún bearta chun cloí leis an oibleagáid leabhair chuntais chuí a choinneáil. Coinnítear iad sin ina oifig amháin atá aige. |
| **Pleanáil Straitéiseach agus Chorparáideach** | Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach san Acht um Rialáil Eitlíochta 2001, san Acht um Aerfoirt Stáit 2004, agus san Acht um Rialáil Eitlíochta 2006 agus<br><br>san Acht um Aerfoirt Stáit (Grúpa na Sionainne) 2014 mar aon le hIonstraimí Reachtúla éagsúla. Tuairiscíonn an Coimisiún ar bhonn bliantúil don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an dóigh inar comhlíonadh a fheidhmeanna an bhliain roimhe sin. Ó thús na bliana 2017, tá an Phlean<br><br>Straitéiseach 2017-2019 á chur chun feidhm ag an gCoimisiún. |
| **Beartas Taistil** | Comhlíonann an Coimisiún ceanglais an Rialtais maidir le beartas taistil. |
| **Nochtadh Leasanna** | Ceanglaítear ar an gCoimisiún, ar a bhaill foirne agus ar na comhairligh agus comhairleoirí ar fad cloí leis na ceanglais ábhartha um nochtadh a thagann as Alt 18 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus Ailt 17-18 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. |
| **Bainistíocht Riosca** | Coinníonn an Coimisiún clár rioscaí a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú air go rialta agus oibríonn sé leis an gcoiste iniúchóireachta chun rioscaí a bhainistiú. |

d'eagraíocht dá mhéid. Tá an Coimisinéir, mar dhuine cuntasach, freagrach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le dea-rialachas corparáideach.

## 6.9 Trédhearcacht

Déanann an Coimisiún a fheidhmeanna ar bhealach atá chomh trédhearcach agus is féidir. Foilsítear gach doiciméad a bhaineann lenár gcomhairliúcháin ar ár suíomh gréasáin (tá liosta 2018 cuimsithe san aguisín leis an tuarascáil seo).

Ó Mhárta 2012 i leith, d'fhoilsigh an Coimisiún nótaí ráithiúla ar ár suíomh gréasáin ina bhfuil eolas faoina orduithe ceannaigh le haghaidh suimeanna os cionn €20,000. Fuair an Coimisiún dhá iarratas maidir le Saoráil Faisnéise, iarratas amháin maidir le Cosaint Sonraí agus d'fhreagair sé naoi cheist pharlaiminte is fiche le linn na bliana, chomh maith le teacht roimh Choiste an Oireachtais maidir le hIompar, Turasóireacht agus Spórt le tagairt do chealuithe Ryanair agus an tionchar a bhí acu ar thomhaltóirí.

## 6.10 Athchóiriú Rialála

Le linn 2018, d'oibrigh an Coimisiún leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an IAA chun tús a chur leis an bpróiseas athchóirithe rialála a mbeidh cumasc an Choimisiúin agus Rannán Rialála Sábháilteachta an IAA mar thoradh air. Táimid ar ghrúpa stiúrtha an tionscadail agus tá gach ceann de na grúpaí oibre ag féachaint ar:

**(a)** Struchtúr agus rialachas na heagraíochta

**(b)** Reachtaíocht

**(c)** Brandáil chorparáideach agus cumarsáid

**(d)** AD straitéiseach agus bainistíocht athruithe

**(e)** Airgeadas agus maoiniú

**(f)** TF agus saoráidí

Is sna réimsí maidir le dearadh eagraíochta agus reachtaíocht is mó a bhfuil obair curtha chun cinn. Táimid ag súil go gcuirfear obair i ngach réimse chun cinn in 2019. Mar shampla, tá sé beartaithe againn Meabhrán Tuisceana a shíniú leis an IAA i dtús 2019 chun obair a thosú ar údarás rialála aonair a mhaoiniú. Is é cuspóir an ghrúpa stiúrtha údarás rialála aonair a bheith i bhfeidhm faoin 1 Eanáir 2020.

## 6.11 Ag Breathnú ar Aghaidh

Leanfaimid fós lena chinntiú go bhfuil córais agus próisis na heagraíochta ailínithe lenár spriocanna straitéiseacha chun níos mó éifeachtúlachta agus seirbhís fheabhsaithe do chustaiméirí a bhaint amach. Chomh maith leis sin, leanfaimid leis an gclár oibre atá tosaithe cheana leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus lenár gcomhghleacaithe in IAA chun údarás rialála eitlíochta aonair a bhunú le haghaidh 2020. Leanfaimid le bheith nuálach agus lena chinntiú go ndéanfar na róil chearta phoist, eolas agus saineolas ceart a earcú, a fhorbairt agus a choimeád chun tacú le creat rialála a léiríonn an dea-chleachtas idirnáisiúnta mar thaca lenár gcuspóirí straitéiseacha agus náisiúnta.



# 07

# Faisnéis Airgeadais



# 7. Faisnéis Airgeadais

Ba bhliain ghnóthach eile í 2018 don Choimisiún. D'ardaigh ár mbuiséad 2018 mar gheall ar, den chuid is mó, an ngá le tacaíocht maidir le Cinneadh Muirear Aerfoirt 2019, ar na cinntí maidir leis na paraiméadair um chomhordú a dhearbhú, ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Taisteal Láneagraithe, Saoire Láneagraithe agus Turais Láneagraithe agus ar an athbhreithniú leanúnach ar na socruithe reatha dócmhainneachta i dtionscal na trádála taistil. Léirítear é sin i méadú 19% ar an Ioncam ó Thobhaigh. Dhéileálamar le trí chliseadh sa trádáil taistil le linn na bliana. Ciallaíonn sé sin gur tháinig méadú ar an Ioncam chun na costais ar an obair sin a fháil ar ais.

Tháinig méadú 2% ar an iomlán ar an gcaiteachas foriomlán. Bhí líon na mball foirne coibhéise lánaimseartha fós ag 17 don bhliain. Tháinig méadú ar na costais dhlíthiúla mar gheall i bpáirt ar cheisteanna a bhaineann le Brexit. Tháinig méadú ar ár gcostais taistil agus chothaithe agus níos mó ama á chaitheamh againn ag caint le raon geallsealbhóirí atá ag méadú. Mhéadaigh ár dtáillí iniúchóireachta toisc gur chinneamar iniúchtaí áirithe a thabhairt ar aghaidh ó 2019 go 2018. Ciallaíonn sé sin go dtiocfaidh laghdú ar na costais in 2019. Thabhaíomar caiteamh breise chomh maith faoin gceannteideal sin i ndáil le páipéar a d'eisíomar chuig an tionscal maidir le caighdeán cuntasaíochta úr (IFRS16) agus a impleachtaí dá n-eintitis cheadúnaithe. Rinneamar coigiltis shuntasacha faoinár gceannteideal Comhordú Sealanna toisc gur chuireamar tairiscint amach maidir leis an tseirbhís le linn na bliana agus tá praghas an chonartha úir níos ísle.

Léirítear sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais go raibh méadú €344k tagtha ar leibhéal na mbannaí airgid thirim don trádáil taistil faoi dheireadh na bliana. Bhí 125 banna airgid thirim ann ag deireadh 2018 i gcomparáid le 123 banna airgid thirim ag deireadh 2017. Bhí líon na mbannaí measartha cothrom le cúpla bliain anuas. Is beag an t-athrú atá tagtha ar an easnamh ar an scéim scoir ó bhí anuraidh ann; bhog an glandliteanas ó €878,348 amhail an 31 Nollaig 2017 go €899,111 amhail an 31 Nollaig 2018. Ba iad athruithe achtúireacha ar bhoinn tuisceana agus tearcfheidhmíocht le linn na bliana na príomhthosca a bhí taobh thiar den ghluaiseacht in easnamh an phlean. B'ionann measúnú achtúireach an dliteanais i ndáil le scéim SPSPS agus €107,356 amhail an 31 Nollaig 2018.



Josephine O'Reilly
An Stiúrthóir ar Airgeadas agus Trádáil Taistil.

## 7.1 Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Tá an fhreagracht fhoriomlán ag an gCoimisinéir um Rialáil Eitlíochta as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh a choimeád agus a fheidhmiú sa Choimisiún um Rialáil Eitlíochta. Cuireann an fhreagracht san áireamh ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá Córas um Rialú Inmheánach ceaptha chun riosca ar leibhéal réasúnta a bhainistiú seachas é a dhíothú. Chun an fhreagracht a chomhlíonadh ar bhealach lena gcinntítear go gcomhlíonfar an reachtaíocht agus na rialacháin, bhunaigh an Coimisiún struchtúr eagraíochta lena mbaineann nósanna imeachta soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, leithscaradh dualgas agus údarás tarmligthe.

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gCoimisiún a fheidhmítear trí chairt i scríbhinn atá faofa ag an gCoimisinéir agus ina bhfuil triúr ball seachtrach, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta, agus tá duine díobh ina Chathaoirleach.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gCoimisiún chomh maith atá seachfhoinsithe. Cuirtear bonn eolais faoi obair na hiniúchóireachta inmheánaí le hanailís ar na riosca ar a bhfuil an Coimisiún nochtadh, agus bunaítear pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí ar an anailís sin agus comhaontaíonn an Coiste iad. Cuirtear na tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí ar fad faoi bhráid an Choiste.

D'fhorbair an Coimisiún beartas um bainistíocht riosca ina leagtar amach a fhonn fiontar, ina léirítear na próisis um bainistíocht riosca atá i bhfeidhm agus ina bhfuil sonraí maidir le róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca.

Dhearbhaigh na Coimisinéir, sna dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2018, go ndearnadh an Coimisiún athbhreithniú ar

éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach agus ar an mbainistíocht riosca.

## 7.2 Iniúchóireacht Inmheánach

Is iad BDO Ireland ár n-iniúchóirí inmheánacha agus rithfidh a gconradh go dtí an 15 Lúnasa 2019. Oibríonn an t-iniúchóir inmheánach faoi threoir an Choiste sheachtraigh Iniúchóireachta agus Riosca. In 2018, rinne na hiniúchóirí inmheánacha cúig iniúchadh:

- Athbhreithniú ar cheadúnú eitlíochta
- Athbhreithniú ar chur chun feidhme RGCS
- Athbhreithniú ar sholáthar agus ar bhainistíocht chonarthaí
- Athbhreithniú ar bhainistíocht riosca
- Ráiteas maidir le rialú inmheánach agus bainistíocht riosca

## 7.3 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire le linn 2018. Ag gach cruinniú thug an Coimisinéir an Coiste cothrom le dáta maidir lenár ngníomhaíochtaí, obair leanúnach agus príomhcheisteanna. D'fhreastail príomhbhaill foirne bainistíochta ar chruinniú de réir agus nuair ba ghá. D'fhreastail na hiniúchóirí inmheánacha neamhspleácha ar chruinnithe chomh maith ar bhonn rialta chun an Coiste a choinneáil cothrom le dáta maidir leis an bplean iniúchóireachta agus tuarascálacha iniúchóireachta gaolmhara. Níor ardaíodh ceisteanna ar bith i dtuarascáil bhliantúil an Choiste do 2018 le córas um rialú inmheánach an Choimisiúin.

## 7.4 Íoc Pras Cuntas

Admhaíonn an Coimisiún a fhreagracht as comhlíonadh a chinnte, sna poncanna ábhartha uile, maidir le forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2002 ("na Rialacháin"). Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun dátaí a shainaithint ina mbeidh sonraisc dlite lena n-íoc agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí faoin dáta sin. Leis na nósanna imeachta tugtar dearbhú réasúnta i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha maidir leis na Rialacháin. Cloífidh an beartas íocaíocht le ceanglais na Rialachán.

## 7.5 Soláthar

Cloíonn nósanna imeachta soláthair an Choimisiúin le treoirlínte agus Treoracha náisiúnta agus, nuair is infheidhme, le cinn AE. Tá luach formhór na gconarthaí de luach is go mbíonn treoirlínte náisiúnta i bhfeidhm de ghnáth. Tá plean soláthair i bhfeidhm ag an gCoimisiún, ina leagtar amach na réimsí ina mbíonn sé ag súil le tairiscint a dhéanamh le haghaidh seirbhísí ina leith.

## 7.6 Diúscairt Sócmhainní agus rochtain ar shócmhainní ag tríú páirtithe

Ní raibh sócmhainní ar bith ag an gCoimisiún den scála agus den luach a bhí beartaithe faoi na treoirlínte (€150,000). Ní dhearna diúscairtí suntasacha sócmhainní ar bith le linn 2018.

## 7.7 Breithmheas Infheistíochta

Níor thabhaigh an Coimisiún caiteachas caipitil suntasach ar bith in 2018 a tháinig laistigh de raon feidhme na ngníomhaíochtaí a beartaíodh i dTreoirlínte 2005 na Roinne maidir le Breithmheas agus Bainistíocht na dTograí Caiteachais Caipitil san Earnáil Phoiblí.

## 7.8 Comhlíonadh Cánach

Tá an Coimisiún faoi dliteanas ÍMAT, CBL agus Cáin ar Sheirbhísí Gairmiúla (PSWT) a íoc. Chuir an Coimisiún na tuairisceáin cánach ábhartha ar fad isteach le haghaidh 2018 agus tá sé comhlíontach go hiomlán maidir le cáin.

## 7.9 Tobhach

Faoi Alt 23 den Acht um Rialála Eitlíochta 2001, féadfaidh an Coimisiún rialacháin a dhéanamh lena bhforchuirtear tobhach chun íoc as costais arna dtobhach i gceart maidir lena fheidhmeanna a chomhlíonadh. Tá an tobhach iníoctha ag na haicmí sin gnóthas arna sainiú ag an gCoimisiún.

Ón 17 Nollaig 2018, rinne an Coimisiún I.R. 556 de 2018 lena bhforchuirtear an Tobhach le haghaidh 2019. Tá an Coimisiún ag súil le hioncaim €4.2 milliún a fháil ón tobhach in 2019.

Athraíonn an t-ioncam ó thobhaigh de réir riachtanais chaiteachais ionchasacha agus ceanglais airgid thirim. Tá an t-ioncam ó Tháillí Ceadúnas measartha seasmhach le bliain anuas. Cuimsítear in ioncam eile ioncam ó Ús agus Ioncam ón gCiste Cosanta Taistealaithe. Gluaiseann an chéad cheann i gcomhréir le taiscí agus rátaí úis gach bliain. Baineann an ceann deireanach a luadh le cásanna ina dtabhaíonn an Coimisiún caiteachas i riarachán an Chiste Cosanta Taistealaithe agus na gCuntas Bannaí agus faigheann sé na costais sin ar ais ón gciste nó ó na cuntais bannaí. In 2018, dhéileáil an Coimisiún le cliseadh trí eintiteas; Premier Irish Golf Tours Ltd, Sindaco Ltd ag trádáil mar Fanfare agus Heffernan's Shipping and Tourist Agency. Fuaireamar ar ais na costais as déileáil leis na héilimh sin agus as riar an chistí ón mbanna agus ón gciste faoi seach.

| Tobhach | 2018 | 2017 | % Athrú |
|---|---|---|---|
| Tobhach | 3,190,624 | 2,680,100 | 19% |
| Táillí Ceadúnas | 137,578 | 200,848 | -32% |
| Ioncam Eile | 28,016 | 4,956 | 465% |
| **Iomlán** | **3,356,218** | **2,885,904** | **16%** |

## 7.10 Ráitis Airgeadais

Ar an 28 Feabhra 2018, cuireadh na dréacht-ráitis airgeadais le haghaidh 2017 isteach chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Ar an 24 Meán Fómhair 2018, ar chríochnú an iniúchta, cuireadh isteach chuig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad. Cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad an 25 Meán Fómhair 2018 agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Ullmhaíodh dréacht-ráitis airgeadais le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus cuireadh isteach chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh an 28 Feabhra 2019. Tá sliocht de na dréacht-ráitis sin ar fáil thíos. Tá an ráiteas maidir leis na beartais chuntasaíochta agus na nótaí leis na ráitis airgeadais, nach bhfuil curtha i láthair thíos ach a bheidh ina gcuid de na cuntais foilsithe deiridh, ina gcuid lárnach de na ráitis airgeadais.

### Dréacht-Ráiteas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

| | 2018<br>€ '000 | 2017<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam ó Thobhaigh | 3,191 | 2,680 |
| Táillí Ceadúnas | 137 | 201 |
| Eile | 28 | 5 |
| Maoiniú Iarchurtha SPSPS | 55 | 26 |
| Ranníocaíochtaí SPSPS a tarchuireadh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | (16) | (12) |
| **Oll-Ioncam** | **3,395** | **2,900** |
| Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil | (15) | 5 |
| **Glanioncam** | **3,380** | **2,905** |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Foirne | 1,372 | 1,391 |
| Costais Phinsin | 310 | 237 |
| Sainchomhairleoireacht | 614 | 547 |
| Táillí dlíthiúla | 43 | 9 |
| Cíos | 280 | 280 |
| Éascaíocht Sceideal | 221 | 307 |
| Speansais Oibriúcháin | 574 | 592 |
| | **3,414** | **3,363** |
| **(Easnamh) Oibriúcháin** | **(34)** | **(458)** |

## Dréacht-Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

| | 2018<br>€ '000 | 2017<br>€ '000 |
|---|---|---|
| (Easnamh) Oibriúcháin | (34) | (458) |
| Glan-ús ar dhliteanais scéimeanna pinsean | | |
| Gnóthachain/ (caillteanais) ó thaithí a d'eascair as dliteanais scéimeanna sochair scoir | 143 | (45) |
| Gnóthachain (caillteanais) achtúireacha ar shócmhainní scéimeanna | (411) | 106 |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana is bonn le luach reatha na ndliteanas scéimeanna sochair sainithe | 293 | 69 |
| Aistriú isteach le haghaidh réamhsheirbhíse | - | - |
| **Gnóthachan/(caillteanas) achtúireacha** | **25** | **130** |
| Caillteanais ó thaithí SPSPS | 1 | - |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana SPSPS | 10 | 1 |
| **Coigeartú go dtí athchurtha sa mhaoiniú** | **11** | **1** |
| **Gnóthachain/(Caillteanais) Aitheanta Iomlána i ndáil leis an mBliain Airgeadais** | **2** | **(327)** |

## Dréacht-Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

| | 2018<br>€ '000 | 2017<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Maoin, Gléasra agus Trealamh** | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 32 | 16 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | 20,825 | 20,781 |
| Taiscí Fadtéarmacha | 518 | 516 |
| Earraí Infhaighte agus Réamhíocaíochtaí | 302 | 177 |
| | 21,645 | 21,474 |
| **Creidiúnaithe (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe | (206) | (360) |
| Cuntais Bannaí Airgid | (19,696) | (19,334) |
| | **(19,902)** | **(19,694)** |
| **Glansócmhainní Reatha** | **1,743** | **1,780** |
| | | |
| **Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha** | **1,775** | **1,796** |
| Glandliteanas Sochair Scoir | (899) | (878) |
| **Glansócmhainní lena n-áirítear Glandliteanas Sochair Scoir** | **876** | **918** |
| Ag léiriú | | |
| An Cuntas Ioncaim & Caiteachais | 1,743 | 1,780 |
| Cuntas Caipitil | 32 | 16 |
| Cúlchiste Sochair Scoir | (899) | (878) |
| | **876** | **918** |

## Dréacht-Ráiteas ar Athruithe ar na Cúlchistí agus ar an gCuntas Caipitil amhail an 31 Nollaig 2018

| | An Cuntas Ioncaim & Caiteachais | Cuntas Caipitil | Cúlchiste Sochair Scoir | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2017** | **2,165** | **21** | **(935)** | **1,251** |
| Easnamh Oibriúcháin | (458) | - | - | (458) |
| Gluaiseacht le linn na bliana | - | (5) | - | (5) |
| Gnóthachan Achtúireach | - | - | 130 | 130 |
| Aistriú | 73 | - | (73) | - |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2017** | **1,780** | **16** | **(878)** | **918** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2018** | **1,780** | **16** | **(878)** | **918** |
| Easnamh Oibriúcháin | (34) | - | - | (34) |
| Gluaiseacht le linn na bliana | - | 16 | - | 16 |
| Gnóthachan Achtúireach | - | - | 24 | 24 |
| Coigeartuithe na Bliana Roimhe sin | (48) | - | - | (48) |
| Aistriú | 84 | - | (84) | - |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018** | **1,782** | **32** | **(938)** | **876** |

## Dréacht-Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid Thirim le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | 2018 € '000 | 2017 € '000 |
|---|---|---|
| Glansreafaí airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | |
| Barrachas/(Easnamh) ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | (34) | (458) |
| Difríocht idir Costas Sochair Scoir agus Ranníocaíocht Fostóirí | (4) | 73 |
| Dímheas | 7 | 5 |
| Ús bainc a fuarthas glan ó mhuirir bhainc a íocadh | (1) | 1 |
| Amúchadh sócmhainne caipitil | 15 | (5) |
| Laghdú/ (Méadú) ar Earraí Infhaighte | (110) | 82 |
| Laghdú/(Méadú) ar Réamhíocaíochtaí | (15) | 85 |
| Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | (82) | 97 |
| (Laghdú)/Méadú ar Fhabhruithe | (72) | (133) |
| **(Glan-eis-sreabhadh) Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **(296)** | **(253)** |
| Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe | | |
| Ús Bainc | - | - |
| Muirir Bhainc a íocadh | (1) | (1) |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Fháil | (22) | - |
| **Glansreafaí Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | **(23)** | **(1)** |
| Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistithe | | |
| Méadú ar Chuntais Bannaí Airgid agus TPF | 363 | 143 |
| **Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí Infheistithe** | **363** | **143** |
| Glanmhéadú/(glanlaghdú) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | 44 | (111) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir | 20,781 | 20,892 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig | 20,825 | 20,781 |

B'fhéidir nach dtiocfadh na huimhreacha a slánaíodh go neamhspleách leis an iomlán.

# 08

# Aguisín

# Seachadadh Phlean Oibre 2018 i gcoinne Príomhtháscairí Feidhmíochta

## Seirbhísí Aerfoirt atá Éifeachtacha, ar Ardchaighdeán agus Meabhrach ar Shábháilteacht

### Cuspóir 1: Muirir Éifeachtacha a shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

| Gníomhaíochtaí | 2018 Príomhthascaire Feidhmíochta | 2018 Seachadadh |
|---|---|---|
| • Caidhp praghais a shocrú d'Aerfort Bhaile Átha Cliath don chéad tréimhse rialála eile 2020-2024 agus cuir chuige rialála eile atá comhsheasmhach leis an reachtaíocht a bhreithniú. | • Páipéar buncheisteanna a fhoilsiú don chéad athbhreithniú eile ar phraghsanna. | • I mí Aibreáin d'fhoilsíomar páipéar buncheisteanna agus, i mí Iúil, aighneachtaí. Leanfar le hobair ar ghnéithe an chinnidh maidir leis an gcaidhp praghais suas go dtí Meán Fómhair 2019 nuair a fhoilseoimid ár gcinneadh deiridh. In mí na Samhna, chuir Aerfort Bhaile Átha Cliath dréachtphlean caipitil isteach don tréimhse 2020-2024. |
| • Scrúdú a dhéanamh ar iarratas Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le hathbhreithniú eatramhach chun liúntas forlíontach caiteachais caipitil a cheadú don tréimhse reatha rialála. | • Comhairliúchán agus cinneadh maidir le liúntas forlíontach caiteachais caipitil. | • In mí an Mheithimh, ar aon dul lenár samhail rialála níos solúbtha, d'eisíomar cinneadh maidir le caiteachas caipitil breise le haghaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath. |
| • Soláthar cost-éifeachtúil tionscadal caipitil a rialú agus monatóireacht a dhéanamh air. | • Socrú tuairiscithe a chur chun feidhme. | • In R2, chuireamar tús le tuarascáil ráithiúil a fhoilsiú ar an dul chun cinn arna dhéanamh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le gach tionscadal caipitil faofa a sholáthar. |
| • Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na muirear aerfoirt agus na bearta cáilíochta seirbhíse ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. | • Torthaí ráithiúla na monatóireachta ar cháilíocht na seirbhíse a fhoilsiú. | • D'fhoilsíomar torthaí ráithiúla na monatóireachta ar cháilíocht na seirbhíse. |

### Cuspóir 2: Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí i gCinnteoireacht a Mhéadú

| Gníomhaíochtaí | 2019 Príomhthascaire Feidhmíochta | 2018 Seachadadh |
|---|---|---|
| • Leibhéal méadaithe comhairliúcháin maidir le muirir agus bonneagar a spreagadh. | • Treoir a eisiúint chuig Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le comhairliúchán éifeachtúil. | • D'eisíomar treoirlínte a úsáideann Aerfort Bhaile Átha Cliath agus aerlínte. |
| • Scrúdú a dhéanamh ar an dóigh le páirt a thabhairt don phaisinéir sa phróiseas rialála ar bhealach níos fearr. | • Feabhas a chur ar ionadaíocht paisinéirí i gcinntí rialála. | • I mí Mheán Fómhair, bhunaíomar grúpa comhairleach paisinéirí a thugann ionchur díreach d'ionadaithe paisinéirí i bpróiseas Cinnidh 2019. |

### Cuspóir 3: Iomaíocht a Chur chun Cinn agus Iontráil Úr a Éascú

| Gníomhaíochtaí | 2018 Príomhthascaire Feidhmíochta | 2018 Seachadadh |
|---|---|---|
| • Paraiméadair um chomhordú sealanna a dhearbhú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. | • Cinntí maidir le paraiméadair a fhoilsiú. | • I mí an Mhárta, d'fhoilsíomar measúnú ar thoilleadh iomlán Aerfort Bhaile Átha Cliath. I mí na Bealtaine agus i mí Mheán Fómhair, dhearbhaíomar na paraiméadair um chomhordú i gcomhair Gheimhreadh 2018 agus Shamhradh 2019. I Meán Fómhair, d'fhoilsíomar treoirlíne áitiúil a raibh feidhm léi ón 1 Deireadh Fómhair 2018. |
| • Smachtbhannaí a fhorfheidhmiú d'aerlínte a oibríonn gan seal. | • Tuarascáil maidir le comhlíonadh a fhoilsiú. | • Rinneamar smachtbhannaí a fhorfheidhmiú agus soláthraíomar nuashonrú ar ár dtuarascáil bhliantúil. |

## Aerlínte agus Láimhseálaithe ar an talamh atá Sábháilte agus Láidir ó Thaobh Airgeadais de.

### Cuspóir 1: Córas um Cheadúnú éifeachtach a fheidhmiú

| Gníomhaíochtaí | 2018 Príomhthascaire Feidhmíochta | 2018 Seachadadh |
|---|---|---|
| • Ár gcórais agus ár bpróisis inmheánacha a choinneáil faoi athbhreithniú. | • Próisis atá ann cheana a leasú de réir mar is gá. | • Ar siúl. Nuashonraíomar ár bpróiseas um chomhlíonadh agus d'eisíomar féilire um chomhlíonadh ina n-aibhsítear na príomhdhátaí um chomhlíonadh le linn na bliana. |
| • Athbhreithniú a dhéanamh ar amlíne le haghaidh freagairtí, próiseas d'eisiúint ceadúnas, athbhreithnithe, athnuachan, aistarraingtí nó cúlghairmeacha. | • Próisis atá ann cheana a leasú de réir mar is gá. | • Ar siúl. |
| • Próisis um chomhordú a chur chun cinn tuilleadh leis an IAA inár róil faoi seach maidir le ceadúnais a eisiúint chuig aerlínte agus athbhreithniú a dhéanamh ar á socruithe comhroinnte faisnéise. | • Ár bpróiseas um cheadúnú agus ár socrú comhroinnte faisnéise a thabhairt cothrom le dáta. | • Tagaimid le chéile leis an IAA ar bhonn rialta maidir le cúrsaí comhleasa agus tá ár meabhrán tuisceana á nuashonrú againn./ |
| • Iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaí cuspóirí ábhartha láimhseála ar an talamh a bhaint amach go héifeachtach ag aerfoirt Éireannacha laistigh de raon feidhme na gcreat reachtach agus rialála reatha. | • Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe reatha leis na haerfoirt agus cur chuige rialála nuashonraithe a fhoilsiú. | • Leis na haerfoirt, rinneamar athbhreithniú ar na socruithe reatha agus tá creat á fhorbairt againn le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar láimhseálaithe ar an talamh maidir le comhlíonadh agus a gcomhlíonadh a fhorfheidhmiú. Cuirfear é sin i gcrích in 2019. |

## Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas atá Láidir ó Thaobh Airgeadais de

### Cuspóir 1: Ceanglais na Treorach maidir le Taisteal Láneagraithe, Saoire Láneagraithe agus Turais Láneagraithe a chur chun feidhme

| Gníomhaíochtaí | 2018 Príomhthascaire Feidhmíochta | 2018 Seachadadh |
|---|---|---|
| • Ionchur in obair na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le ceanglais na Treorach maidir le Taisteal Láneagraithe, Saoire Láneagraithe agus Turais Láneagraithe a chinneadh. | • Comhairliúchán a chur i gcrích maidir leis an Treoir agus comhairle dheiridh a chur ar fáil don Roinn. | • Thugamar comhairle don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le ceanglais na Treorach maidir le Taisteal Láneagraithe, Saoire Láneagraithe agus Turais Láneagraithe. |
| • Athruithe ar an bpróiseas um cheadú a shainaithint agus a chur chun feidhme chun teacht le ceanglais na Treorach maidir le Taisteal Láneagraithe, Saoire Láneagraithe agus Turais Láneagraithe. | • Ceanglais, treoirlínte, foirmeacha agus próisis nuashonraithe athbhreithnithe a chur chun feidhme. | • Leanfaimid leis an obair sin in 2019 nuair a dhéanfar an Treoir maidir le Taisteal Láneagraithe, Saoire Láneagraithe agus Turais Láneagraithe a thrasuí i reachtaíocht na hÉireann. Mar shocrú idirthréimhseach, (a) sholáthraíomar treoir thosaigh don tionscal agus (b) ghlacamar clúdach iomlán árachais sláinaíochta ó eintitis atá bunaithe in Éirinn maidir le gach díolachán AE nach bhfuil clúdaithe faoi na socruithe reatha bannaithe agus d'aerlínte atá bunaithe in Éirinn mar Eagraithe Taistil Nasctha. |

### Cuspóir 2: Cosaint dhóthanach a chur ar fáil don phobal taistil

| Gníomhaíochtaí | 2018 Príomhthascaire Feidhmíochta | 2018 Seachadadh |
|---|---|---|
| • Céim 2 den phróiseas a chur chun feidhme maidir le sainaithint na réiteach agus na n-athruithe riachtanacha ar na próisis reatha le haghaidh ceadúnaithe, bearta bannaithe agus cosanta taistealaithe atá comhsheasmhach le ceanglais na Treoir maidir le Taisteal Láneagraithe, Saoire Láneagraithe agus Turais Láneagraithe. | • Socruithe athbhreithnithe cosanta paisinéirí a chur chun feidhme. Treoirlínte athbhreithnithe a fhoilsiú do cheadúnaithe, bearta athbhreithnithe cosanta paisinéirí agus clár feasachta a chur chun feidhme. | • Cuireadh moill ar Chéim 2 den obair sin agus leanfar leis in 2019. |
| • Leanúint leis na gcóras um cheadúnú a riar agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíonadh maidir leis an scéim. | • Athnuachan ceadúnas agus ceadúnais a eisiúint in am, freagairt a eisiúint in am, imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le trádáil neamhdhleathach agus an beart cuí a dhéanamh, feabhas a chur ar fheasacht an chórais um cheadúnú. | • Eisíodh ceadúnais chuig tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil i mbabhtaí mhí na Bealtaine agus mhí na Samhna.  Rinneadh an Trádáil Taistil imscrúdú ar ocht ngearán le linn na bliana. |

# Creat Láidir chun Cearta Paisinéirí a Fhorfheidhmiú

## Cuspóir 1: Déileáil go héifeachtúil, go héifeachtach agus go cóir le gearáin ó phaisinéirí

| Gníomhaíochtaí | 2018 Príomhthascaire Feidhmíochta | 2018 Seachadadh |
|---|---|---|
| • Imscrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun líon na bhfiosrúchán a thagann lasmuigh dár sainordú a laghdú | • Plean a chur chun feidhme chun líon na bhfiosrúchán nach mbaineann leis an gCoimisiún a laghdú. | • Rinneamar ár bpróiseas éileamh a athbhreithniú agus a leasú chun an líon éileamh lasmuigh dár sainordú a laghdú. |
| • Oibriú le geallsealbhóirí chun próiseas éifeachtach láimhsithe gearán do phaisinéirí a chinntiú. | • Próiseas láimhsithe gearán a fhoilsiú. | • Cuirfimid próiseas i bhfeidhm chun líon na ngearán atá le réiteach a laghdú go gasta. Táimid ag súil leis an riaráiste a réiteach i R1 2019. Leanfaimid le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas sin in 2019. |

## Cuspóir 2: Feasacht an phobail taistil maidir le cearta aerphaisinéirí a mhéadú

| Gníomhaíochtaí | 2018 Príomhthascaire Feidhmíochta | 2018 Seachadadh |
|---|---|---|
| • Plean cumarsáide a fhorbairt, lena n-áirítear athbhreithniú ar ár suíomhanna gréasáin, chun feasacht ar chearta paisinéirí a mhéadú. | • Clár feasachta a chur chun feidhme. | • Cé go ndearnadh roinnt athruithe ar ár suíomh gréasáin chun faisnéis níos soiléire a chur ar fáil do phaisinéirí, braitheann athbhreithniú iomlán ar dhul chun cinn sa sruth oibre um athchóiriú rialála nuair a fhorbrófar suíomh gréasáin singil. |

# Rialachán lena Léirítear an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta

## Cuspóir 1: Córais éifeachtacha a fheidhmiú

| Gníomhaíochtaí | 2018 Príomhthascaire Feidhmíochta | 2018 Seachadadh |
|---|---|---|
| • Athbhreithniú a dhéanamh le haghaidh Aerlínte, Láimhseálaithe ar an talamh, Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil a cheadúnú chun an dea-chleachtas a chinntiú. | • Córais um cheadúnú a nuashonrú de réir mar is gá. | • Rinneadh tuilleadh athruithe ar ár bpróisis um cheadúnú agus um monatóireacht. Leanfaimid leis an athbhreithniú sin in 2018; déanfaimid feabhsuithe is gá chun an dea-chleachtas a chinntiú. |
| • Muid féin a thagarmharcáil i gcoinne dreamanna eile chun an dea-chleachtas maidir le cearta paisinéirí agus comhlíonadh aerlínte a fhorfheidhmiú agus a chur chun cinn. | • Próisis a nuashonrú de réir mar is gá. | • Ar siúl. |
| • Ceanglais an rialacháin ghinearálta maidir le cosaint sonraí a chur chun feidhme | • Córais chomhlíontacha a bheith i bhfeidhm in am agus i dtráth. | • Tá Oifigeach Cosanta Sonraí againn chun ár gcomhlíonadh maidir le RGCS a éascú agus monatóireacht a dhéanamh air. |

### Cuspóir 2: Comhairliúchán éifeachtúil a dhéanamh

| Gníomhaíochtaí | 2018 Príomhthascaire Feidhmíochta | 2018 Seachadadh |
|---|---|---|
| • Leibhéal méadaithe comhairliúcháin maidir le muirir agus bonneagar a spreagadh. | • Plean a chur chun feidhme. | • Tagaimid le chéile ar bhonn rialta lenár ngeallsealbhóirí, chuireamar grúpa comhairleach paisinéirí ar bun agus chuireamar socruithe i bhfeidhm chun an leibhéal comhairliúcháin idir Aerfort Bhaile Átha Cliath agus aerlínte a mhéadú. |
| • Páirt ghníomhach a ghlacadh i bFóram Thessaloniki na Rialtóirí Eorpacha ar Mhuirir Aerfoirt agus an measúnú ar an Treoir maidir le Muirir Aerfoirt. | • Ionchur i gcruinnithe grúpaí oibre agus fóram agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn. | • Scríobh grúpa oibre dhá thuarascáil treorach ar a ndearnamar cathaoirleacht, agus d'fhoilsigh an Fóram na páipéir sin i mí na Nollag. |
| • Comhordú le gníomhaireachtaí ábhartha i ndáil le rialú Aerfort Bhaile Átha Cliath. | • Faisnéis a chomhroinnt leis an IAA agus INIS (mar is gá) sa phróiseas maidir le hAerfort Bhaile Átha Cliath a rialáil. | • Ar siúl. D'fhoilsíomar páipéar buncheisteanna i mí Aibreáin inar lorgaíodh tuairimí maidir le beartais rialála ardleibhéil. |
| • Beartas rialála a fhorbairt chun ullmhú dár gcinneadh maidir le Aerfort Bhaile Átha Cliath 2019 ag baint leas as taithí ó chomhlachtaí rialála eile. | • Páipéar buncheisteanna a fhoilsiú. | • Ar siúl. Tá an Coimisiún ina chomhalta de Líonra na Rialtóirí Eacnamaíocha in Éirinn, comhalta de EGFATT (comhlacht AE a bhaineann le bearta cosanta do thomhaltóirí na trádála taistil) agus glacann sé páirt i bhFóram Thessaloniki. Lena chois sin, buailimid lenár gcomhghleacaithe i mBallstáit eile. |
| • Faisnéis a choinneáil cothrom le dáta agus a chur ar fáil do ghealltsealbhóirí (lena n-áirítear tionchar Brexit ar an eitlíocht) in am agus i dtráth. | • Nuashonruithe a chur ar fáil de réir mar is gá. | |

### Cuspóir 3: Foireann oilte agus spreagtha a choinneáil

| Gníomhaíochtaí | 2018 Príomhthascaire Feidhmíochta | 2018 Seachadadh |
|---|---|---|
| • Pleananna oideachais agus forbartha acmhainní a ailíniú lenár bPlean Straitéiseach agus clár oiliúna a chur i bhfeidhm ar bhonn anailíse ar na riachtanais scileanna agus inniúlachta. | • Plean oiliúna 2018 a chur chun feidhme. | • Cuireadh plean 2018 i bhfeidhm. |
| • Leanúint le húsáid a bhaint as ár gCóras Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta chun an dea-chleachtas gnó a chinntiú. | • Leagan síos spriocanna a dhéanamh, athbhreithniú eatramhach agus bliantúil ar an dul chun cinn. | • Curtha i gcrích. |
| • Athbhreithniú a dhéanamh ar theacht aniar na heagraíochta | • Moltaí a leanúint. | • Rinneamar staidéar ar theacht aniar a bhí ina bhonn le plean lucht oibre a cuireadh faoi bhráid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. |

### Cuspóir 4: Tacú le cur chun feidhme an ráitis náisiúnta beartais maidir le rialú muirear aerfoirt.

| Gníomhaíochtaí | 2018 Príomhthascaire Feidhmíochta | 2018 Seachadadh |
|---|---|---|
| • Ionchur in obair na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an gcreat rialála eacnamaíoch. | • Cinntí ar bith a dhéanfadh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a chur chun feidhme. | • Ionchuirimid in obair na Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus léireoimid a gcinntí inár gcláir oibre amach anseo. |
| • Ionchur in obair na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le cumasc feidhmeanna Rannán Rialála Sábháilteachta an ITAA[1] le feidhmeanna reatha CAR. | • Cinntí ar bith a dhéanfadh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a chur chun feidhme. | • D'oibríomar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an IAA chun an t-athchóiriú rialála a chur chun cinn. Leanfar leis an obair sin in 2019. |

1 Comhlachas Gníomhairí Taistil na hÉireann

# Páipéir ón gCoimisiún agus Doiciméid eile Foilsithe in 2018

| | | |
|---|---|---|
| **Ean-18** | | Doiciméad Comhairliúcháin agus Aighneacht Rialála PACE |
| **Ean-18** | CP1/2018 | Nuashonrú Tionscadail: Bearta Cosanta do Thomhaltóir na Trádála Taistil |
| **Ean-18** | CP2/2018 | Cinneadh maidir le hAmlíne le haghaidh Cinntí maidir le Paraiméadair um Chomhordú |
| **Feab-18** | CP3/2018 | Dréachtchinneadh ar an Dara hAthbhreithniú maidir le Cinneadh 2014 i ndáil le Liúntas Forlíontach Caiteachais Caipitil d'Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| **Márta-18** | | Tuarascáil Deiridh ar Measúnú Toillte Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| **Márta-18** | CP5/2018 | Trasuí Threoir (AE) 2015/2302 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil bainteacha |
| **Aib-18** | CP6/2018 | Dréachtchinneadh maidir le Paraiméadair um Chomhordú Gheimhreadh 2018 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. |
| **Aib-18** | CP7/2018 | Páipéar Buncheisteanna - Uasleibhéal na Muirear Aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| **Bealtaine-18** | CP8/2018 | Cinneadh Deiridh maidir le Paraiméadair um Chomhordú Gheimhreadh 2018 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| **Meith-18** | CP9/2018 | Chinneadh ar an Dara hAthbhreithniú maidir le Cinneadh 2014 i ndáil le Liúntas Forlíontach Caiteachais Caipitil d'Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| **Lún-18** | CP10/2018 | Dréachtchinneadh maidir le Paraiméadair um Chomhordú Shamhradh 2019 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus Treoirlíne Áitiúil 1 |
| **Lún-18** | | Fógra maidir le Beartas Rialtais |
| **MF-18** | CP11/2018 | Cinneadh maidir le Paraiméadair um Chomhordú Shamhradh 2019 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Treoirlíne Áitiúil 1 |
| **MF-18** | CP12/2018 | Cinneadh maidir leis an nGrúpa Comhairleach Paisinéirí agus Treoirlínte Rannpháirtíochta Paisinéirí i gCinnteoireacht Rialála d'Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| **Samh-18** | | Plean Infheistíochta Caipitil ó 2020 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| **Samh-18** | | Doiciméad Treorach agus Conclúidí ó 22 Cruinniú i mí na Samhna leis an nGrúpa Comhairleach Paisinéirí |
| **Noll-18** | | Tuarascálacha Fhóram Thessaloniki:<br>Úsáid Critéar Roghnach i Rialú Eacnamaíoch Aerfort<br>-Neamh-Idirdhealú faoin Treoir maidir le Muirir Aerfoirt. |
| **2018** | | R2 Seachadadh Thionscadail Chaipitil Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| **2018** | | R3 Seachadadh Thionscadail Chaipitil Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| **2018** | | R4 Seachadadh Thionscadail Chaipitil Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| **2018** | | 2017 - R4 Tuarascáil ar Cháilíocht Seirbhíse |
| **2018** | | 2018 - R1 Tuarascáil ar Cháilíocht Seirbhíse |
| **2018** | | 2018 - R2 Tuarascáil ar Cháilíocht Seirbhíse |
| **2018** | | 2018 - R3 Tuarascáil ar Cháilíocht Seirbhíse |

# Príomhtháscairí Feidhmíochta

| Táscaire Feidhmíochta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Ceadúnú um Thrádáil Taistil**[2] | | |
| D'fhreagraíodh ar iarratasóirí laistigh de sheachtain amháin ón teagmháil tosaigh. | 94% | |
| Eisíodh litir um Chinneadh i bPrionsabal laistigh de mhí amháin ó spriocdháta an iarratais chríochnaithe | 95% | |
| Eisíodh ceadúnais laistigh de dhá sheachtain ón mbanna/gach doiciméad a fháil | 94% | |
| Scrúdaíodh cuntais bhliantúla laistigh de shé seachtaine óna bhfáil | 73% | |
| Líon áitribh na gceadúnaithe ar tugadh cuairt orthu | 20% | |
| **Éilimh agus Aistriú na Trádála Taistil** | | |
| Líon na n-éileamh a fuarthas i ndiaidh cásanna um chliseadh | | 3 |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de dhá mhí | 185 | 3 |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de cheithre mhí | 279 | - |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de shé mhí | 279 | - |
| Costais riaracháin mar chéatadán d'iomlán chostais na n-éileamh | 12% | 40% |
| Líon na bpaisinéirí a aistríodh | 200 | - |
| Paisinéirí ar feitheamh aistírithe i ndiaidh an dáta fillte sceidealaithe | - | - |
| Paisinéirí ar feitheamh aistírithe ar feadh níos mó ná seachtain amháin | - | - |
| **Cosaint Tomhaltóirí** | | |
| Cuireadh réamh-athbhreithnithe ar ghearáin i gcrích laistigh de sheachtain amháin | 100% | 65% Est.[3] |
| Gearáin a cuireadh chuig NEB eile laistigh de mhí óna bhfáil | 45% | 40% |
| Imscrúduithe a cuireadh i gcrích laistigh de thrí mhí óna bhfáil[4] | 19% | 49% |
| Imscrúduithe a cuireadh i gcrích laistigh de sheacht mí óna bhfáil[5] | 59% | 89% |
| Líon na gcigireachtaí aerfoirt | 2 | 6 |
| **Costais** | | |
| Athrú bliantúil i gcostais CAR | +2% | +17% |

2 Rinneamar athbhreithniú ar ár PTFanna lena gcur i bhfeidhm ó 2018 i leith.

3 Bhí ár gcóras láimhseála gearán as líne (le haghaidh obair forbartha) don chéad leath de 2017. Os rud é gur déileáladh de láimh le fiosrúcháin agus gearáin le haghaidh na tréimhse sin, ní féidir PTF don bhliain iomlán a thuairisciú. Mar sin féin, tugann an sampla ar a ndearnamar scrúdú le fios gur eachtarshuíomh beacht é 65%.

4 Maidir le gearáin a fuarthas idir an 1 Iúil 2016 agus an 30 Meitheamh 2017; moill chomhchosúil don bhliain roimhe sin.

5 Maidir le gearáin a fuarthas idir an 1 Iúil 2016 agus an 30 Meitheamh 2017; moill chomhchosúil don bhliain roimhe sin.

# Plean Oibre 2019

## Seirbhísí Aerfoirt atá Éifeachtacha, ar Ardchaighdeán agus Meabhrach ar Shábháilteacht

### Cuspóir 1: Muirir Éifeachtacha a shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

| Gníomhaíochtaí | 2019 Príomhthascaire Feidhmíochta |
|---|---|
| • Caidhp praghais a shocrú d'Aerfort Bhaile Átha Cliath don chéad tréimhse rialála eile 2020-2024 agus cuir chuige rialála eile atá comhsheasmhach leis an reachtaíocht a bhreithniú. | • An Cinneadh deiridh a fhoilsiú i mí Mheán Fómhair. |
| • Soláthar cost-éifeachtúil tionscadal caipitil a rialú agus monatóireacht a dhéanamh air. | • Tuarascáil ráithiúla a fhoilsiú. |
| • Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na muirear aerfoirt agus na bearta cáilíochta seirbhíse ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. | • Tuarascáil ráithiúla ar cháilíocht seirbhíse a fhoilsiú. |

### Cuspóir 2: Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí i gCinnteoireacht a Mhéadú

| Gníomhaíochtaí | 2019 Príomhthascaire Feidhmíochta |
|---|---|
| • Leanúint le leibhéal méadaithe comhairliúcháin maidir le muirir agus bonneagar a spreagadh. | • Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe reatha agus feabhsuithe a chur chun feidhme. |
| • Leanúint le scrúdú a dhéanamh ar an dóigh le páirt a thabhairt don phaisinéir sa phróiseas rialála ar bhealach níos fearr. | • Athbhreithniú a dhéanamh ar an socrú reatha agus feabhsuithe a chur chun feidhme. |

### Cuspóir 3: Iomaíocht a Chur chun Cinn agus Iontráil Úr a Éascú

| Gníomhaíochtaí | 2019 Príomhthascaire Feidhmíochta |
|---|---|
| • Paraiméadair um chomhordú sealanna a dhearbhú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. | • Cinntí maidir le paraiméadair a fhoilsiú. |
| • Smachtbhannaí a fhorfheidhmiú d'aerlínte a oibríonn gan seal. | • Faisnéis a fhoilsiú. |

## Aerlínte agus Láimhseálaithe ar an talamh atá Sábháilte agus Láidir ó Thaobh Airgeadais de.

### Cuspóir 1: Córas um Cheadúnú éifeachtach a fheidhmiú

| Gníomhaíochtaí | 2019 Príomhthascaire Feidhmíochta |
|---|---|
| • Ár gcórais agus ár bpróisis inmheánacha a choinneáil faoi athbhreithniú; chun an dea-chleachtas a léiriú. | • Próisis atá ann cheana a leasú de réir mar is gá. |
| • Athbhreithniú a dhéanamh ar amlíne le haghaidh freagairtí, próiseas d'eisiúint ceadúnas, athbhreithnithe, athnuachan, aistarraingtí nó cúlghairmeacha. | • Próisis atá ann cheana a leasú de réir mar is gá. |
| • Leanúint le próisis um chomhordú a chur chun cinn tuilleadh leis an IAA inár róil faoi seach maidir le ceadúnais a eisiúint chuig aerlínte agus athbhreithniú a dhéanamh ar á socruithe comhroinnte faisnéise. | • Ár bpróiseas um cheadúnú agus ár socrú comhroinnte faisnéise a thabhairt cothrom le dáta. |
| • Iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaí cuspóirí ábhartha láimhseála ar an talamh a bhaint amach go héifeachtach ag aerfoirt Éireannacha laistigh de raon feidhme na gcreat reachtach agus rialála reatha | • Athbhreithniú a chur i gcrích agus cur chuige rialála nuashonraithe a fhoilsiú. |

## Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas atá Láidir ó Thaobh Airgeadais de

### Cuspóir 1: Ceanglais na Treorach maidir le Taisteal Láneagraithe, Saoire Láneagraithe agus Turais Láneagraithe a chur chun feidhme

| Gníomhaíochtaí | 2019 Príomhthascaire Feidhmíochta |
|---|---|
| • Athruithe ar an bpróiseas um cheadú a shainaithint agus a chur chun feidhme chun teacht le ceanglais na Treorach maidir le Taisteal Láneagraithe, Saoire Láneagraithe agus Turais Láneagraithe. | • Ceanglais, treoirlínte, foirmeacha agus próisis athbhreithnithe a chur chun feidhme. |

### Cuspóir 2: Cosaint dhóthanach a chur ar fáil don phobal taistil

| Gníomhaíochtaí | 2019 Príomhthascaire Feidhmíochta |
|---|---|
| • Thugamar comhairle don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis na socruithe cosanta dócmhainneacht atá comhsheasmhach leis an Treoir maidir le Taisteal Láneagraithe, Saoire Láneagraithe agus Turais Láneagraithe. | • Tuarascáil a thabhairt don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. |
| • Socruithe cosanta dócmhainneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le beartas an Rialtais. | • Socruithe reatha a athbhreithniú agus a leasú, i gcomhar le geallsealbhóirí. |

## Creat Láidir chun Cearta Paisinéirí a Fhorfheidhmiú

### Cuspóir 1: Déileáil go héifeachtúil, go héifeachtach agus go cóir le gearáin ó phaisinéirí

| Gníomhaíochtaí | 2019 Príomhthascaire Feidhmíochta |
|---|---|
| • Oibriú le geallsealbhóirí chun próiseas éifeachtach láimhsithe gearán do phaisinéirí a chinntiú. | • Próiseas láimhsithe gearán a fhoilsiú. |
| • A chinntiú go ndéileálfar le gearáin in am agus i dtráth. | • Monatóireacht rialta a dhéanamh ar ráta na déileála le gearáin agus beart ceartaitheach a dhéanamh mar is gá. |

### Cuspóir 2: Feasacht an phobail taistil maidir le cearta aerphaisinéirí a mhéadú

| Gníomhaíochtaí | 2019 Príomhthascaire Feidhmíochta |
|---|---|
| • Plean cumarsáide a fhorbairt, lena n-áirítear athbhreithniú ar ár suíomhanna gréasáin, chun feasacht ar chearta paisinéirí a mhéadú. | • Clár feasachta a fhorbairt. |

## Rialachán lena Léirítear an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta

### Cuspóir 1: Córais éifeachtacha a fheidhmiú

| Gníomhaíochtaí | 2019 Príomhthascaire Feidhmíochta |
|---|---|
| • Athbhreithniú a dhéanamh le haghaidh Aerlínte, Láimhseálaithe ar an talamh, Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil a cheadúnú chun an dea-chleachtas a chinntiú. | • Córais um cheadúnú a nuashonrú de réir mar is gá. |
| • Muid féin a thagarmharcáil i gcoinne dreamanna eile chun an dea-chleachtas maidir le cearta paisinéirí agus comhlionadh aerlínte a fhorfheidhmiú agus a chur chun cinn. | • Próisis a nuashonrú de réir mar is gá. |
| • Ceanglais an rialacháin ghinearálta maidir le cosaint sonraí a chur chun feidhme | • Córais chomhlíontacha a bheith i bhfeidhm. |

### Cuspóir 2: Comhairliúchán éifeachtúil a dhéanamh

| Gníomhaíochtaí | 2019 Príomhthascaire Feidhmíochta |
|---|---|
| • Leibhéal méadaithe comhairliúcháin maidir le muirir agus bonneagar a spreagadh. | • Plean a chur chun feidhme. |
| • Páirt ghníomhach a ghlacadh i bFóram Thessaloniki na Rialtóirí Eorpacha ar Mhuirir Aerfoirt agus an measúnú ar an Treoir maidir le Muirir Aerfoirt. | • Ionchur i gcruinnithe grúpaí oibre agus fóram agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn. |
| • Comhordú le gníomhaireachtaí ábhartha i ndáil le rialú Aerfort Bhaile Átha Cliath. | • Faisnéis a chomhroinnt leis an IAA agus INIS (mar is gá) sa phróiseas maidir le hAerfort Bhaile Átha Cliath a rialáil. |
| • Faisnéis a choinneáil cothrom le dáta agus a chur ar fáil do gheallsealbhóirí (lena n-áirítear tionchar Brexit ar an eitlíocht) in am agus i dtráth. | • Nuashonruithe a chur ar fáil de réir mar is gá. |


## Cuspóir 3: Foireann oilte agus spreagtha a choinneáil

| Gníomhaíochtaí | 2019 Príomhthascaire Feidhmíochta |
|---|---|
| • Pleananna oideachais agus forbartha acmhainní a ailíniú lenár bPlean Straitéiseach agus clár oiliúna a chur i bhfeidhm ar bhonn anailíse ar na riachtanais scileanna agus inniúlachta. | • Plean oiliúna 2018 a chur chun feidhme. |
| • Leanúint le húsáid a bhaint as ár gCóras Forbartha Bainistíochta Feidhmiochta chun an dea-chleachtas gnó a chinntiú. | • Leagan síos spriocanna a dhéanamh, athbhreithniú eatramhach agus bliantúil ar an dul chun cinn. |
| • Athbhreithniú a dhéanamh ar theacht aniar na heagraíochta | • Moltaí a leanúint. |

## Cuspóir 4: Tacú le cur chun feidhme an ráitis náisiúnta beartais maidir le rialú muirear aerfoirt.

| Gníomhaíochtaí | 2019 Príomhthascaire Feidhmíochta |
|---|---|
| • Cinntí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an gcreat rialála eacnamaíoch a chur chun feidhme. | • Cleachtais agus nósanna imeachta reatha a leasú chun teacht le cinntí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. |
| • Oibriú leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an IAA chun an t-athchóiriú rialála a chur i gcrích. | • Socruithe a chur chun feidhme in am agus i dtráth. |

# An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
# Eagraíocht Cairt



An Coimisiún um Rialáil Eitilíochta

Commission for Aviation Regulation

**An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta,**
3ú hurlár, Teach Alexandra,
Ardán Phort an Iarla,
Baile Átha Cliath 2, D02 W773.

**Teil:** +353 1 6611700
**Facs:** +353 1 6611269
**www.aviationreg.ie**
**ríomhphost:** info@aviationreg.ie